An Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail (Éire)

# Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais

2014

FORBHREATHNÚ AN CHATHAOIRLIGH AGUS AN POF | 01

STAITISTICÍ | 04

RIALACHAS CORPARÁIDEACH | 07

RÁITIS AIRGEADAIS | 13

GRÉASÁN DOMHANDA OIFIGÍ | 32

www.idaireland.com

IDA Ireland

# Forbhreathnú an Chathaoirligh agus an PFO



Martin Shanahan, PFO
Frank Ryan, Cathaoirleach

# Forbhreathnú an Chathaoirligh agus an PFO

De réir tháirgeacht eacnamaíoch na hÉireann, éiríonn go fíormhaith léi sa mhéid infheistiú isteach a mheallann sí go hÉirinn gach bliain. De thoradh bheartais fónta ar son fiontraíochta an rath seo chomh maith le seancheangal trádála agus gnó leis an domhan mór.

Le linn 2014 chruthaigh cliant-chomhlachtaí GFT tuairim agus 15,012 post nua. Nuair a cuireadh caillteanais post san áireamh, bhí glanmhéadú fostaíochta 7,131 ann atá ar na leibhéil is airde cruthaithe post le deich mbliana anuas, an leibhéal cliant-fhostaíochta dírí is airde i stair GFT, líon 174,488 duine. Chuidigh an méadú fostaíochta in earnáil IDE le spriocanna leitheadacha an Phlean Gníomhaíochta do Phoist (PGP), urraithe ag an Roinn Post, Fiontar agus Nualaíochta, a bhaint amach.

Tharla an fheidhmíocht i leith cruthú post i dtimpeallacht dhúshlánach eacnamaíoch san Eoraip agus an dearcadh maidir le cáin chorparáide ag athrú. De thoradh fheidhmíocht 2014, sháraigh GFT na spriocanna fostaíochta agus infheistíochta a shocraíomar inár straitéis Horizon 2020 agus ag tús 2015 d'fhoilsigh GFT ár straitéis nua, *Bua: Infheistíocht Eachtrach Dhíreach 2015-2019,* le go mbrúfar an eagraíocht ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile inár bhforbairt.

Cé gurb é soláthar fostaíochta an chloch is mó ar a paidrín ag GFT agus na páirtithe leasmhara lena n-oibríonn muid, tá tábhacht nach beag leis na buntáistí eacnamaíocha tánaisteacha FDI.

### Tionchar Eacnamaíoch

Mar shampla, cuireann cliant-chomhlachtaí GFT €8.5bn de phá agus de thuarastal isteach i ngeilleagar na hÉireann gach bliain agus ceannaíonn €2.6bn d'ábhair agus €11.3bn de sheirbhísí. Íocann cliant-chomhlachtaí GFT tuairim agus €2.8bn d'ioncam cánach trí cháin chorparáide. Lena chois sin, cé go ndíríonn an tuarascáil seo ar fhostaíocht dhíreach, measann GFT go bhfuil 122,000 post eile á gcothú go hindíreach ag cliant-chomhlachtaí GFT, rud a chuireann leis na buntáistí breise eacnamaíoch.

Tá GFT meáite ar thionscadail a mhealladh amach anseo a bhfuil buntáistí suntasacha sóisialta agus eacnamaíocha leo. Lena chois sin, oibreoidh GFT go dúthrachtach chun cinntiú go scaipfear na buntáistí seo chomh fairsing agus is féidir, ar mhaithe le cothromaíocht réigiúin agus leagfar béim cheannasach, i straitéis nua GFT, ar insreabhadh IDE isteach i ngach réigiún.

Is iad na cliant-chomhlachtaí úd, áfach, an príomhfhórsa taobh thiar de na torthaí seo. Fágtar an cinneadh deiridh maidir le suíomh, lorg fostaíochta agus rampáil infheistíochta caipitiúla faoin gcliant-chomhlacht.

In 2014 chuaigh na príomh-imreoirí domhanda i muinín Éireann arís mar áit a chothaíonn gnó agus nuálaíocht.

### Buanna Tionscadal

Bhí 197 infheistíocht ann in 2014, cothrom le méadú 20% ar 2013. Bhí ardú suntasach ann in infheistíocht nua, agus bhí 88 infheisteoir nua in 2014, cothrom le méadú 13% ar 2013.

I measc na n-infheistíochtaí ba mhó le linn na bliana bhí Amazon, Bristol Myers Squibb, Fidelity, LinkedIn, Survey Monkey, Air Bnb, PayPal, Ericsson, SAP, Johnson & Johnson, West Pharmaceuticals, Zendesk, Adroll agus New Relic.

Mealladh infheistíochtaí ardchaighdeáin ina a lán réigiún le linn na bliana. Mar shampla, fógraíodh infheistíochtaí ó Jazz Pharmaceuticals i gContae Ros Comáin, Beckton Dickinson i nDroichead Átha, Teleflex in mBaile Átha Luain agus ClearStream Technologies in Inis Córthaidh.

### Cáin Chorparáide

Tharla na buanna ríthábhachtacha seo nuair a bhí roinnt éiginnteachta ann maidir le cúinsí cánach corparáidí domhanda. Agus an t-ábhar fós faoi chaibidil san Eoraip agus i SAM, thug Cáinaisnéis 2015 in Éirinn solas ar thairiscintí cánach na tíre, a leag amach clár i dtreo iomaíochas cánach agus réimse beart ina ndaingnítear na tairiscintí cánach.

Bhí ról riachtanach ag an Aire, a dúirt nach raibh aon phlean ag Éirinn an ráta 12.5% a athrú, rud atá ina chrann taca do straitéis thionsclaíoch na tíre. Thug an tAire Airgeadais Michael Noonan TD athruithe isteach i leith rialacha cónaitheachta chomh maith agus chuaigh GFT i dteagmháil go díreach lena cuid chliant faoin athrú seo, le go mbeadh aistriú réidh ann i dtreo na socruithe nua. Lena chois sin bhí GFT sásta níos mó beart cánach ar son gnó a fheiceáil á dtabhairt isteach ag an gCáinaisnéis.

D'ainneoin thábhacht na cánach, áfach, creideann GFT go bhfuil réimse de chúiseanna ann a théann i bhfeidhm ar chinntí deiridh comhlachtaí i leith IDE. Cé go bhfuil tábhacht ag baint le maoin, coinníollacha macra-eacnamaíochta agus cúlra rathúil na hÉireann go dtí seo, is é an lucht oibre atá ar fáil an rud is mó a luann comhlachtaí le GFT in áit an mhargaidh.

### Bonn Scileanna

Ar an méadrach ríthábhachtach sin, baineann Éire scór maith amach riamh. Mar shampla le linn 2014, bhí Éire sa chéad áit le haghaidh fáil ar lucht oibre oilte san IMD World Competitiveness Yearbook. Leanfaidh GFT Éireann ag obair leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta (DJEI) agus an Roinn Oideachais agus Scileanna le go

# Forbhreathnú an Chathaoirligh agus an PFO

mbeidh na scileanna cearta á soláthar.

Níor chóir talamh slán a dhéanamh d'iomaíochas na hÉireann agus caithfear tairbhe na mblianta beaga seo a chosaint, go háirithe i dtimpeallacht a gcuirfidh fás eacnamaíoch níos tréana ann brú ar earnálacha ar leith.

Ba bhliain shuntasach í 2014 do GFT féin, a d'fhógair go mbeadh an eagraíocht faoi stiúir phríomhfheidhmeannaigh nua, Martin Shanahan, a thosaigh sa ról i mí Mheán Fómhair 2014.

Is gá a thabhairt faoi deara sa tuarascáil seo fosta an cúnamh a thug ár n-iar-PFO, Barry O'Leary, chun na torthaí tréana seo a bhaint amach, fear a threoraigh GFT le tiomantas agus le dílseacht. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil do na stiúrthóirí siúd a d'fhág bord GFT le linn 2014.

Anuas air sin, i rith na bliana, mhaoinigh an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta clár earcaíochta foirne nua ar son GFT.

De thoradh seo, fostaíodh 35 comhghleacaí nua a dhíríonn ar chomhlachtaí nua ar fud na cruinne nach bhfuil lonnaithe in Éirinn faoi láthair. Cuireadh an maoiniú ar fáil tríd an bPlean Gníomhaíochta do Phoist 2014 a bhfuil sprioc 10,000 post breise d'Éirinn ann.

Bhí ról ceannasach ag foirne uile GFT sna torthaí a baineadh amach in 2014 agus tugann an Phríomhfheidhmeannach agus an Cathaoirleach aitheantas d'obair na bhfoirne.

Is iad na foirne ildisciplíneacha i gcéin is i gcóngar, seachas daoine aonair, a mheallann tionscadail GFT. Is é feidhmiú éifeachtach na bhfoirne seo is cúis le rath GFT le blianta beaga anuas agus is cinnte gur féidir dul i muinín an chultúir seo agus go gcothófar rath na heagraíochta amach anseo.

**Foireann na hÉireann**

Bíonn GFT ag brath ar a ghréasán fairsing de pháirtithe leasmhara in earnáil leathan an rialtais agus san earnáil phoiblí.

Sa chomhthéacs seo, ba mhaith linn aitheantas ar leith a thabhairt don Taoiseach, Enda Kenny TD; an Tánaiste Joan Burton TD; an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Richard Bruton TD; an tAire Airgeadais, Michael Noonan TD; an tAire Oideachais agus Scileanna, Jan O'Sullivan TD i measc daoine eile. Roinn siad uile a gcuid ama go fial le GFT maidir le turais mhargaíochta thar lear agus fógraí na heagraíochta. Don Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta a thuairiscíonn GFT agus oibríonn GFT i ndlúth-chomhpháirtíocht leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus lena ngréasán ambasáidí agus lenár gcomhghníomhaireachtaí Fiontraíocht Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, Solas, GNBS, Eirgrid, GBCN agus Coillte.

Tugann GFT aitheantas fosta d'ionchur luachmhar ollscoileanna agus Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann i dtairiscint infheistíochta na hÉireann.

**Ionchas:**

Mar a leagadh amach cheana, leanann Éire léi ag sárú an ionchais eacnamaíoch i dtéarmaí insreabhadh IDE. Leagtar amach inár bplean cúig bliana nua, Bua, bealach le go ndéanfar éagsúlú níos mó ar shruthanna gnó agus ar láithreacha GFT go ceann cúig bliana eile. Leagtar amach spriocanna ionsaitheacha fosta.

Caithfidh GFT a thuiscint má bhíonn rath ar chur chuige ag am áirithe agus margadh áirithe, ní gá gur mar a chéile a bheidh sé ag am eile in áit eile. Caithfidh GFT agus an fhoireann ceannasaíochta bheith solúbtha agus inoiriúnaithe go smior.

Cé go luaitear na tréithe seo, tá feabhas suntasach ag teacht ar gheilleagar na hÉireann agus tá ról sa scéal seo ag comhlachtaí eachtracha a bhfuil oibríochtaí suntasacha acu in Éirinn, agus beidh an ról sin acu go ceann i bhfad.

Tá go leor de na comhlachtaí siúd in Éirinn le fiche nó tríocha bliain anuas agus tá dream nua ag teacht sna sála orthu, dream a bhíonn an-nuálaíoch agus toirmeascach. Is ón earnáil dhigiteach go leor de na comhlachtaí, a ata tógtha le hÉirinn mar láthair dá gceanncheathrúna domhanda.


Is cosúil go mbeidh níos mó comhlachtaí ag teacht go hÉirinn in 2015, agus ar nós na gcomhlachtaí a chuaigh rompu, déanfaidh siad infheistíocht in Éirinn a mhairfidh go ceann na scórtha blianta.


Tá gach seans ann go mbeidh bliain láidir eile fáis IDE in 2015, a bhuí le seasamh fada fabhrach na hÉireann i leith fiontair agus nuálaíochta.

Martin Shanahan
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Frank Ryan
Cathaoirleach

# Staitisticí





# Staitisticí

## Táscairí GFT Éireann

| Táscaire | Luach 2014 |
|---|---|
| Líon Iomlán Infheistíochtaí Faofa | **197** |
| Líon Tionscadal Úrnua | **88** |
| Líon Tionscadal Sínte | **80** |
| Líon Tionscadail Taighde, Forbartha agus Nuála | **29** |
| Infheistíocht i dTionscadail Taighde, Forbartha agus Nuála | **€469m** |
| % d'Infheistíochtaí Suite Taobh Amuigh de Bhaile Átha Cliath agus Corcaigh | **37%** |
| % de Phoist Fhaofa Taobh Amuigh de Bhaile Átha Cliath agus Corcaigh | **45%** |
| % de Phoist Fhaofa a bhfuil Tuarastail níos airde ná €35,000 leo | **69%** |
| Meántuarastal sna hInfheistíochtaí Nua | **€47,736** |
| Íocaíochtaí Bliantúla Cánach Corparáidí Chliant-Chomhlachtaí GFT | **€2.8bn*** |
| Caiteachas iomlán inmheánach ar T agus F | **€1.4bn*** |

**Nóta:** *Is do 2013 a thagraíonn sonraí Cánach Corparáidí agus caiteachas T agus F

## Tionchar Eacnamaíoch Comhlachtaí lena dTacaíonn GFT Éireann

| Gach Earnáil | 2010 €'m | 2011 €'m | 2012 €'m | 2013 €'m | % athrú 2012-2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| Díolacháin | 109,174 | 120,070 | 126,206 | 129,595 | 2.7% |
| **Onnmhairí** | **105,309** | **116,055** | **121,973** | **124,480** | 2.1% |
| **Caiteachas Díreach i nGeilleagar na hÉireann** | **17,771** | **19,765** | **20,726** | **22,425** | 8.2% |
| Déanta de: | | | | | |
| Costais párolla | 7,354 | 7,772 | 7,991 | 8,502 | 6.4% |
| Ábhair Éireannacha | 1,696 | 1,978 | 2,352 | 2,597 | 10.4% |
| Seirbhísí Éireannacha | 8,721 | 10,015 | 10,383 | 11,326 | 9.1% |
| **Caiteachas Díreach Mar % de Dhíolacháin** | **16.3%** | **16.5%** | **16.4%** | **17.3%** | |

**Foinse:** Bunaithe ar an Suirbhé Bliantúil Gnó ar Thionchar Eacnamaíoch, arna chomhordú ag Forfás agus arna riar ag Insight Statistical Consulting.

**Nóta 1:** Tá an suirbhé seo bunaithe ar chomhlachtaí déantúsaíochta agus seirbhísí trádáilte ar bhonn idirnáisiúnta a bhfuil 10 bhfostaí nó níos mó acu (níl comhlachtaí rialáilte seirbhísí airgeadais san áireamh).

**Nóta 2:** Tá na torthaí bunaithe ar chomhlachtaí a d'fhreagair an suirbhé in 2013 (arna iomlánú le neamhfhreagróirí a chur san áireamh). Féadann torthaí bheith éagsúil le meastacháin a rinneadh cheana as siocair athbhreithnithe déanta ag na comhlachtaí agus difríochtaí i líon na bhfreagróirí ó thréimhse suirbhé go chéile.

## Tír Thionscnaimh Comhlachtaí ar Thug GFT Éireann Tacaíocht Dóibh 2014

| Tír Thionscnaimh | Líon Comhlachtaí | Fostaíocht Iomlán* |
|---|---|---|
| Stáit Aontaithe | **632** | **125,579** |
| An Ghearmáin | **99** | **11,399** |
| An Ríocht Aontaithe | **104** | **6,737** |
| An Fhrainc | **54** | **5,525** |
| An Chuid Eile den Eoraip | **169** | **14,661** |
| An Chuid Eile den Domhan | **137** | **10,587** |
| **Iomlán** | **1,195** | **174,488** |

**Foinse:** Suirbhé Fostaíochta Bliantúil Forfás 2014

**Nóta:** *Fostaithe lánaimseartha, páirtaimseartha agus sealadacha san áireamh.

## Fostaíocht Iomlán de réir Réigiúin i gComhlachtaí ar Thug GFT Éireann Tacaíocht Dóibh

| Ceantar / Réigiún | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | % athrú 2013/2014 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Teorainn** | 8,048 | 8,353 | 8,556 | 9,237 | 9,734 | 5.4% |
| Iar-Thuaisceart | 5,113 | 5,318 | 5,199 | 5,169 | 5,294 | 2.4% |
| Oir-Thuaisceart | 2,935 | 3,035 | 3,357 | 4,068 | 4,440 | 9.1% |
| **Lár Tíre** | 3,764 | 3,736 | 3,943 | 3,919 | 4,032 | 2.9% |
| **Iarthar** | 14,612 | 16,558 | 17,348 | 18,143 | 18,652 | 2.8% |
| **Iarthar Láir** | 13,347 | 13,465 | 13,751 | 13,964 | 14,575 | 4.4% |
| **Oirthear** | 68,416 | 71,701 | 75,742 | 81,162 | 84,995 | 4.7% |
| Baile Átha Cliath | 53,931 | 57,617 | 61,753 | 67,270 | 70,989 | 5.5% |
| Oirthear Láir | 14,485 | 14,084 | 13,989 | 13,892 | 14,006 | .8% |
| **Oir-Dheisceart** | 12,945 | 11,932 | 11,983 | 11,895 | 12,081 | 1.6% |
| **Iar- Dheisceart** | 25,496 | 26,478 | 27,868 | 29,037 | 30,419 | 4.8% |
| **GFT Éireann** | **146,628** | **152,223** | **159,191** | **167,357** | **174,488** | 4.3% |

**Foinse:** Suirbhé Bliantúil Fostaíochta Forfás 2014

**Nóta:** Fostaithe lánaimseartha, páirtaimseartha agus sealadacha san áireamh.

# Staitisticí

**Fostaíocht i gCuideachtaí lena dTacaíonn GFT 2014**

| | 2014 |
|---|---|
| Poist Bhreise | **15,012** |

**Foinse:** GFT Éireann 2014

**Fostaíocht i gCuideachtaí lena dTacaíonn GFT Éireann**

| | 2013 | 2014 |
|---|---|---|
| Fostaíocht iomlán | **167,357** | **174,488** |
| Lánaimseartha | **148,274** | **156,436** |
| Eile | **19,083** | **18,052** |
| Glanathrú san fhostaíocht iomlán | **8,166** | **7,131** |
| **% Glanathú san fhostaíocht iomlán** | **4.9%** | **4.3%** |

**Foinse:** Suirbhé Bliantúil Fostaíochta Forfás 2014
**Nóta:** Áirítear ann fostaithe páirtaimseartha, sealadacha agus fostaithe ar conradh gearrthéarmach.

**Fostaíocht iomlán de réir earnála i gCuideachtaí lena dtacaíonn GFT Éireann**

| Earnáil | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | % Athrú 2013/2014 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Táirgí Cógaisíochta | **22,344** | **22,343** | **22,413** | **23,314** | **23,371** | **.2%** |
| Trealamh Ríomhaireachta, Leictreonach & Optúil | **15,698** | **15,998** | **16,296** | **17,310** | **18,022** | **4.1%** |
| Ionstraimí & Soláthairtí Leighis/Fiaclóireachta | **22,363** | **23,567** | **24,474** | **24,558** | **25,455** | **3.7%** |
| Miotail & Innealtóireacht | **11,207** | **11,077** | **11,505** | **11,852** | **11,619** | **-2.0%** |
| Tionsclaíocht Ilghnéitheach | **6,670** | **6,480** | **6,420** | **6,339** | **6,363** | **.4%** |
| Seirbhísí Idirnáisiúnta & Airgeadais (lena n-áirítear Bogearraí) | **68,346** | **72,758** | **78,083** | **83,984** | **89,658** | **6.8%** |
| **Iomlán** | **146,628** | **152,223** | **159,191** | **167,357** | **174,488** | **4.3%** |

**Foinse:** Suirbhé Bliantúil Fostaíochta Forfás 2014
**Nóta:** Áirítear ann fostaithe páirtaimseartha, sealadacha agus fostaithe ar conradh gearrthéarmach.

**Costas GFT Éireann in aghaidh an Phoist Choimeádta ag Buanphraghsanna**

| | 2001-2007 | 2002-2008 | 2003-2009 | 2004-2010 | 2005-2011 | 2006-2012 | 2007-2013 | 2008-2014 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| GFT ÉIREANN (€) | **13,554** | **13,129** | **14,479** | **14,611** | **14,545** | **13,568** | **13,118** | **11,817** |

**Foinse:** Suirbhé Bliantúil Fostaíochta Forfás 2014

**Nóta:** Déantar an costas in aghaidh an phoist chothaithe a ríomh trí chaiteachas deontais GFT Éireann do gach cuideachta i dtréimhse an ríomha a chur san áireamh. Ní dhéantar ach poist a cruthaíodh agus a cothaíodh le linn agus suas go dtí deireadh gach tréimhse seacht mbliana a chur do shochar sna ríomhanna.

# Rialachas Corparáideach

# Bord 2014

Feidhmíonn an Bord de réir na bprionsabal dea-chleachtais um rialachas corparáideach agus de réir na dtreoirlínte atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais, ina chuid gníomhaíochtaí féin agus san úsáid a bhaineann sé as coistí araon.

Tá sé freagrach as beartais ghinearálta na heagraíochta a cheapadh agus a cuid oibriúcháin a mhaoirsiú. Déanann sé na feidhmeanna seo go díreach agus trí Choistí Boird fócasaithe a fheidhmiú. Is í an fhoireann bhainistíochta feidhmiúcháin atá freagrach as an mbeartas a chur chun feidhme.

Tá údarás reachtúil ag an mBord chun cúnamh deontais a fhaomhadh suas go dtí na leibhéil atá sonraithe sna hAchtanna um Fhorbairt Tionscail agus cúnamh deontais sa bhreis ar na leibhéil shonraithe a mholadh don Rialtas. De réir na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001, soláthraíonn Comhaltaí Boird GFT Éireann Ráiteas Leasa don Rúnaí agus don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

I gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, cloíonn GFT Éireann go hiomlán le treoirlínte an Rialtais i ndáil le pá Príomhoifigigh Feidhmiúcháin agus fostaithe Comhlachtaí Stáit agus le treoirlínte an Rialtais i ndáil le táillí a íoc le Comhaltaí Boird.

**FRANK RYAN**
Cathaoirleach, GFT Éireann

**LIONEL ALEXANDER**
Leas-Uachtarán agus Stiúrthóir Bainistíochta
Hewlett-Packard (Manufacturing) Ltd.

**MARY CAMPBELL**
Stiúrthóir Bainistíochta, Deutsche Bank AG
Comhalta Boird, DB Services Centre Ltd

**PAUL DUFFY**
Leas-Uachtarán, Pfizer Global Supply (Soláthar 'Seachtrach)
Comhalta Boird, Cumann Tráchtála Chorcaí
Stiúrthóir, Cuideachtaí Éagsúla de chuid Pfizer

***TINREAMH NA gCOMHALTAÍ BOIRD AG CRUINNITHE BOIRD IN 2014** (17 GCRUINNIÚ IN 2014)

| Comhaltaí an Bhoird | Tinreamh | Comhaltaí an Bhoird | Tinreamh |
|---|---|---|---|
| Frank Ryan, Cathaoirleach | 16 chruinniú | Lionel Alexander | 14 chruinniú |
| Heather Ann McSharry | 17 gcruinniú | Geraldine McGinty | 4 chruinniú |
| Peter Cassells | 16 chruinniú | Barry O'Leary | 7 gcruinniú |
| Dermot Curran | 13 chruinniú | Gerard O'Mahoney | 16 chruinniú |
| Paul Duffy | 14 chruinniú | Alan Gray | 16 chruinniú |
| Mary Campbell | 15 chruinniú | Martin Shanahan | 4 chruinniú |

* 10 gcruinniú Boird sceidealaithe agus 7 gcruinniú speisialta

**GERALDINE MCGINTY**
Ollamh Cúnta Raideolaíochta, Weill Cornell Medical College, Nua-Eabhrac
Raideolaí Comhairleach Cúnta , New York Presbyterian Hospital

**MARTIN SHANAHAN**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, GFT Éireann

**HEATHER ANN MCSHARRY**
Stiúrthóir, Institiúid na Stiúrthóirí
Cathaoirleach, Bord Iontaobhaithe do Chiste Pinsin Bhanc na hÉireann
Stiúrthóir, Ergonomic Solutions Ltd
Stiúrthóir, CRH
Stiúrthóir, Jazz Pharmaceuticals
Stiúrthóir, Greencore PLC

**BARRY O'LEARY**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, GFT Éireann
Comhalta Boird, Forfás

**GERARD O'MAHONEY**
Comhpháirtí Sinsearach,
PWC
Stiúrthóir,
People in Need
Stiúrthóir, Sorceim

**ALAN GRAY**
Cathaoirleach, London Economics
Comhpháirtí Bainistíochta, Indecon International Economic Consultants
Stiúrthóir, Tedcastle Oil Products
Stiúrthóir, Hillington Investments

**DERMOT CURRAN**
Rúnaí Cúnta, An Rannóg Nuálaíochta agus Infheistíochta, An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta

**PETER CASSELLS**
Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Institiúid Edward M Kennedy, OÉ Má Nuad, Co. Chill Dara
Stiúrthóir, DHR Communications
Cathaoirleach, An Grúpa Fógraíochta Alcóil, An Roinn Sláinte

**DEIRDRE LYONS**
Rúnaí, GFT Éireann

- D'éirigh Ger O'Mahoney as mar Stiúrthóir ar 31 Nollaig 2014
- D'éirigh Heather Ann McSharry as mar Stiúrthóir ar 31 Nollaig 2014
- D'éirigh Barry O'Leary as mar POF ar 31 Lúnasa 2014
- Ceapadh Martin Shanahan mar POF ar 1 Meán Fómhair 2014
- Ceapadh Geraldine McGinty mar Stiúrthóir ar 8 Lúnasa 2014

# Coistí an Bhoird 2014

## COISTE INIÚCHTA, AIRGEADAIS AGUS RIOSCA

Cuidíonn sé agus tacaíonn sé leis an mBord i ndáil lena fhreagrachtaí dlíthiúla agus cuntasaíochta a chomhlíonadh; déanann sé cumarsáid le hiniúchóirí seachtracha agus déanann sé measúnú agus rialú ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh; déanann sé athbhreithniú ar phleanáil airgeadais agus ar an gcóras um rialú inmheánach airgeadais. Déanann sé maoirseacht freisin ar chur chun feidhme bheartas riosca na heagraíochta lena n-áirítear forbairt a chlár riosca agus monatóireacht ar shocruithe buiséadaithe agus baincéireachta.

**COMHALTAÍ:**

Heather Ann McSharry (Cath)
Paul Duffy
Gerard O'Mahoney
Dermot Curran
Peter Cassells

## COISTE FORBARTHA BAINISTÍOCHTA AGUS LUACH SAOTHAIR

Déanann sé athbhreithniú ar fheidhmíocht na foirne bainistíochta sinsearaí agus téann i mbun pleanála don fhorbairt agus don chomharbas bainistíochta. Déanann an Coiste athbhreithniú freisin ar luach saothair na bainistíochta sinsearaí i gcomhthéacs threoirlínte an Rialtais.

**COMHALTAÍ:**

Frank Ryan (Cath)
Martin Shanahan
Lionel Alexander
Barry O'Leary
Peter Cassells
Heather Ann McSharry
Gerard O'Mahoney

## COISTE INFHEISTÍOCHTA

Déanann sé athbhreithniú ar thograí um chúnamh deontais agus, faoi na cumhachtaí tarmligthe ag an mBord, déantar deontais suas le huasmhéid €1.5 milliún a fhaomhadh. Ní raibh aon chruinniú ag an gcoiste in 2014 ó tharla gur chomhlíon an Bord a shainordú.

**COMHALTAÍ:**

Dermot Curran (Cath)
Martin Shanahan
Paul Duffy
Barry O'Leary
Alan Gray
Peter Cassells

## COISTE RÉADMHAOINE

Déanann sé athbhreithniú ar bheartas i ndáil le maoiniú, soláthar, cothabháil agus diúscairt réadmhaoine, déantar nósanna imeachta a fhaomhadh maidir le tairiscint agus bronnadh conarthaí agus déantar caiteachas/díolacháin suas le €12 mhilliún a fhaomhadh.

**COMHALTAÍ:**

Lionel Alexander (Cath)
Martin Shanahan
Barry O'Leary
Mary Campbell
Alan Gray
Peter Cassells

## COISTE NIBRT

Déanann sé athbhreithniú ar dhul chun cinn i ndáil le tionscadal infheistíochta na hInstitiúide Náisiúnta um Thaighde agus Oiliúint Bhithphróiseála (NIBRT ) d'fhonn a chinntiú go bhfuil sé á sheachadadh de réir na gcuspóirí agus na gcoinníollacha atá faofa ag Bord GFT Éireann.

**COMHALTAÍ:**

Gerard O'Mahoney (Cath)
Paul Duffy
Heather Ann McSharry
Mary Campbell

# Rialachas Corparáideach

Is gníomhaireacht reachtúil uathrialach é GFT Éireann a bunaíodh faoi na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail 1986 - 2014. Feidhmíonn an Ghníomhaireacht i gcomhréir le forálacha na nAchtanna agus faoi choimirce an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, a bhfuil sé de chumhacht aige nó aici cistí a sholáthar chun a cuid oibleagáidí a chur i gcrích agus treoracha ginearálta beartais a eisiúint/eolas a lorg faoi ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta.

Cé gurb iad na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail an phríomhfhoinse rialachais chorparáidigh do GFT Éireann, tá dualgas ar an nGníomhaireacht freisin cloí le raon riachtanas reachtúil (náisiúnta agus AE) agus riaracháin eile. Dearbhaíonn GFT Éireann go bhfuil a cuid oibleagáidí comhlíonta aici maidir leis na riachtanais seo ar fad. Tá na nósanna imeachta seo a leanas, ach go háirithe, i bhfeidhm aici d'fhonn géilliúlacht do riachtanais shonracha a chinntiú:

**1 RIACHTANAIS GHINEARÁLTA RIARACHÁIN AGUS BEARTAIS**
Ar leibhéal náisiúnta, oibríonn GFT Éireann i gcomhar le hoifigigh na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus oifigigh ó Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit eile, chun a cuid Cuspóirí a chur chun cinn agus a chinntiú go bhfuil riachtanais reachtúla, riaracháin agus Aireachta/Rialtais á gcomhlíonadh. Ag leibhéal áitiúil, oibríonn an Ghníomhaireacht le hÚdaráis Áitiúla, Forais Oideachais, Gníomhaireachtaí Stáit eile agus réimse leathan Eagraíochtaí Áitiúla/Ionadaithe Poiblí chun an timpeallacht áitiúil atá riachtanach chun infheistíocht nua a mhealladh a fhorbairt. Tá GFT Éireann ag leanúint de threoir beartais eisithe ag an Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta ar 18 Nollaig 2006 a chur chun feidhme, treoir ina sonraítear an méid seo a leanas:

Ghlac an Coimisiún Eorpach le Treoirlínte um Chúnamh Réigiúnach do na tréimhsí 2007-2013* agus 2014-2020, maraon le Rialacháin Bhlocdhíolúine don dá thréimhse, rud a chiallaíonn gur féidir scéimeanna um chúnamh réigiúnach a fheidhmiú gan cead a fháil roimh ré ón gCoimisiún Eorpach. D'fhonn cloí leis na riachtanas a eascraíonn ó na Treoirlínte um Chúnamh Réigiúnach agus ó na Rialacháin Blocdhíolúine, táthar tar éis Rialacháin Riaracháin nua maidir le scéimeanna um chúnamh réigiúnach don Fhorbairt Tionscail don dá thréimhse a chur i gcrích freisin.

Soláthraíonn GFT Éireann deontais taighde agus forbartha freisin i gcomhréir le Creatchlár an Chomhphobail um Chúnamh Stáit do Thaighde agus Forbairt agus Nuálaíocht 2006.

*Sínte go dtí 30 Meitheamh 2014

**2 CÓD CLEACHTAIS UM RIALACHAS COMHLACHTAÍ STÁIT**
Cloíonn GFT Éireann go hiomlán leis an gCód Cleachtais seo agus dearbhaítear a géilliúlacht i ndáil leis na hAilt seo a leanas ach go háirithe:

Ailt 7 & 13: Arna gcomhlíonadh ag Cathaoirleach an Bhoird i litir ar leithligh tugtha don Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Ailt 13.1 & 13.1 (iii): Tá córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais á chothú agus á fheidhmiú ag an nGníomhaireacht (Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais, leathanach 15).

Alt 13.1 (v): Tá beartas an Rialtais um pá na bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus na bhfostaithe i gcomhlachtaí Stáit á gcomhlíonadh (Nótaí leis na Ráitis Airgeadais, Uimh. 8 leathanach 23 agus Bord 2014, leathanach 8).

Ailt 2.12, 2.14 & 2.15: Tá Bord GFT Éireann tar éis glacadh le straitéis Horizon 2020. Lena chois sin, tá an Bord tar éis próisis a bhunú d'fhonn pleanáil chorparáideach fhónta a chinntiú, etc., de réir mar a éilítear sna hailt seo (Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais, leathanach 15 agus Bord 2014, leathanach 8).

Alt13.1 (x): Léiríonn nósanna imeachta taistil GFT Éireann riachtanais um beartas taistil an Rialtais agus táthar ag cloí leis na nósanna imeachta sin.

Alt 19.2: Dearbhaíonn Cathaoirleach an Bhoird, sa litir ar leithligh tugtha don Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, go bhfuil GFT Éireann tar éis a cuid oibleagáidí de réir an dlí cánach a chomhlíonadh.

Tá na scéimeanna agus na cláir arna riar ag GFT Éireann i gcomhréir leis an reachtaíocht a rialaíonn feidhmiú na Gníomhaireachta agus tá córais bhainistíochta riosca ábhartha i bhfeidhm.

**3 RÁITEAS CLEACHTAIS SP-IT/04 NA gCOIMISINÉIRÍ IONCAIM AR CHUR CHUIGE CÁNACH MAIDIR LE LUACH SAOTHAIR DO CHOMHALTAÍ NA gCOISTÍ AGUS NA mBORD STÁIT AGUS STÁT-URRAITHE**
Cloíonn GFT Éireann leis an Ráiteas Cleachtais seo go hiomlán.

### 4 TREOIRLÍNTE MAIDIR LE LUACHÁIL AGUS BAINISTIÚ TOGRAÍ CAITEACHAS CHAIPITIL

Tá nósanna imeachta láidre bunaithe le fada ag GFT Éireann i ndáil le Luacháil agus Bainistiú na dTionscadal Caiteachas Chaipitil a eascraíonn ó chláir na nDeontas Caipitil nó Réadmhaoine. Tá na prionsabail atá sonraithe sna Treoirlínte do Luacháil agus Bainistiú na dTograí Caiteachas Chaipitil á gcomhlíonadh ag na nósanna imeachta seo.

### 5 Na hACHTANNA UM CHOMHIONANNAS FOSTAÍOCHTA, 1998 AGUS 2004

Tá an comhionannas mar thosaíocht bhunaidh ag GFT. Tá clár oibre forásach comhionannais agus éagsúlachta ag an eagraíocht agus tá tionscnaimh nua á bhforbairt ar bhonn leanúnach. Tá meas ag GFT Éireann ar an éagsúlacht agus déanann sí gach iarracht feidhmiú mar fhostóir comhionannais a spreagann ionchur an duine aonair agus a léiríonn meas ar dhifríochtaí. Chuige seo, tá sí tiomanta do chinntiú nach bhfaighidh aon chomhalta foirne de chuid GFT Éireann, ná iarrthóir ar fhostaíocht in GFT Éireann, cóir is lú fabhar ná duine ar bith eile ar fhorais gnéis, stádas pósta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonta, creidimh, aoise, míchumais, cine, nó toisc gur den lucht siúil iad nó ar aon fhorais eile nach mbaineann le dea-chleachtas fostaíochta. Baineann sé seo le hearcaíocht, coinníollacha oibre agus deiseanna forbartha.

Tá GFT tiomanta do thimpeallacht chothromaithe oibre/saoil a chothú agus a fhorbairt don fhoireann trí chéile.

### 6 AN tACHT UM SHÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS AG AN OBAIR, 2005

Déanann an tAcht seo, a tháinig in áit fhorálacha an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas, 1988, comhdhlúthú agus nuashonrú ar an dlí atá ann faoi láthair. Leanann GFT Éireann le bearta oiriúnacha a ghlacadh de láimh chun sábháilteacht, sláinte agus leas gach fostaí agus cuairteora laistigh dá hoifigí a chosaint agus ar mhaithe le forálacha an Achta seo a chomhlíonadh. Baineann sé seo freisin leis na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus 2004.

### 7 AN tACHT UM PÁIRTEACHAS LUCHT OIBRE (FIONTAIR STÁIT), 1988

Tá struchtúir chomhairleacha ag feidhmiú go héifeachtach in GFT Éireann agus is gné aitheanta iad de struchtúr cumarsáide agus comhairleach na heagraíochta. Glacann lucht bainistíochta agus an fhoireann araon leis an gComhchoiste Comhairleach mar phróiseas dearfach. Ina theannta sin, tá socrú breise comhpháirtíochta bunaithe leis na Ceardchumainn chun gníomhaíochtaí a bhaineann le Comhaontú Náisiúnta Bhóthar Haddington a bhrú chun cinn.

### 8 AN tACHT UM EITIC IN OIFIGÍ POIBLÍ, 1995 AGUS AN tACHT UM CHAIGHDEÁIN IN OIFIGÍ POIBLÍ, 2001

I gcomhréir leis na hAchtanna anseo thuas tá ráitis leasa a chloíonn le forálacha na nAchtanna comhlánaithe ag Comhaltaí Boird agus comhaltaí foirne GFT Éireann a bhfuil poist ainmnithe acu.

### 9 NA hACHTANNA UM SHAORÁIL FAISNÉISE 2014

Cloíonn GFT Éireann leis an Acht seo. Ba chóir iarratais ar fhaisnéis faoin Acht seo a sheoladh chuig an bhFeidhmeannas um Shaoráil Faisnéise, GFT Éireann, Teach Pháirc Wilton, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2.

### 10 ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH

I gcomhlíonadh mheamram an Rialtais ó mhí an Mheithimh 2001, úsáideann GFT Éireann prionsabail an ‘dea-chleachtais’ i gcónaí i ndáil le dearadh, pleanáil agus tógáil foirgneamh oifige agus déantúsaíochta ina Páirceanna Gnó agus Teicneolaíochta. Chomh maith leis sin, tá prionsabail an ‘dea-chleachtais’ á gcomhlíonadh ag oifigí GFT Éireann sna réigiúin.

### 11 (I) ÍOC PRAS CUNTAS

Leasaíodh an tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997 (an tAcht), a tháinig i bhfeidhm an 2 Eanáir 1998, ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002.

Tá lucht bainistíochta sásta gur ghéill GFT d’fhorálacha an Achta sna gnéithe ábhartha uile.

### 11 (II) ÍOCAÍOCHT PHRAS LE SOLÁTHRAITHE

Tá GFT Éireann tiomanta dá hoibleagáidí faoin Riail Íoc Pras 15 lá a chomhlíonadh, riail a tháinig i bhfeidhm an 1 Iúil 2011.

Cinntíonn an fhoráil seo go ndéanfar íocaíochtaí le soláthraithe i ndáil le gach sonrasc bailí faighte laistigh de 15 lá féilire.

Tuairiscíonn GFT Éireann ar bhonn ráithiúil sa chuid ‘Rialachas Corparáideach’ (Corporate Governance) den láithreán gréasáin ar chur chun feidhme na Rialach Íoc Pras 15 lá.

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
# Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

**AN GHNÍOMHAIREACHT FORBARTHA TIONSCAIL (ÉIRE)**
Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Forbartha Tionscail (Éire) don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014 faoin Acht um Fhorbairt Tionscail 1993. Áirítear sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh de réir na mbeartas cuntasaíochta dá dtagraítear iontu, na beartais chuntasaíochta, an cuntas oibriúcháin, an clár comhardaithe, an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm a forordaíodh faoi mhír 7 den chéad sceideal den Acht, agus de réir an chleachtais chuntasaíochta a nglactar leis go coitianta in Éirinn.

**FREAGRACHTAÍ BHORD NA GNÍOMHAIREACHTA**
Tá an Ghníomhaireacht freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, a chinntiú go dtugann siad tuairisc fhíor agus chothrom ar staid ghnóthaí na Gníomhaireachta agus ar a hioncam agus a caiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

**FREAGRACHTAÍ AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE**
Tá sé de fhreagracht orm iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisciú orthu de réir an dlí is infheidhme.

Cuirtear m'iniúchadh i gcrích le tagairt do na breithnithe speisialta a ghabhann le bainistiú agus le feidhmiú comhlachtaí Stáit.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh na gCaighdeán Eiticiúil d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

**RAON AN INIÚCHTA AR NA RÁITIS AIRGEADAIS**
Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil ar na suimeanna agus an nochtadh atá sna ráitis airgeadais, fianaise ar leor í chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhíráiteas ábhartha, cibé an mar gheall ar chalaois nó earráid é. Cuimsíonn sé sin measúnú ar

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta feiliúnach do chúinsí na Gníomhaireachta, agus an bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus nochta go himleor
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Féachaim, leis, le fianaise a fháil i gcúrsa an iniúchta ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ina theannta sin, léim Tuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta ar mhaithe le haon neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint. Má thugaim aon mhíráitis nó neamhréireachtaí dealraitheacha ábhartha faoi deara, déanaim breithniú ar na himpleachtaí do mo thuarascáil féin.

**TUAIRIM AR NA RÁITIS AIRGEADAIS**
I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais, atáthar tar éis a ullmhú go cuí de réir an chleachtais chuntasaíochta a nglactar leis go coitianta in Éirinn, tuairisc fhíor agus chothrom ar staid ghnóthaí na Gníomhaireachta ar 31 Nollaig 2014 agus ar a hioncam agus a caiteachas do 2014.

I mo thuairim, tá leabhair chuntais chuí coimeádta ag an nGníomhaireacht. Tá na ráitis airgeadais ag réiteach leis na leabhair chuntais.

**NITHE A dTUAIRISCÍM DE RÉIR EISCEACHTA ORTHU**
**Tuairiscím de réir eisceachta sna cásanna seo a leanas:**
Mura bhfuil an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a theastaigh uaim do m'iniúchadh faighte agam, nó

- má tugadh faoi deara i m'iniúchadh aon chás ábhartha nach raibh airgead á úsáid chun na críche a leagadh síos ina leith nó sa chás nár ghéill na hidirbhearta do na húdaráis a bhí á rialú, nó
- mura bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil bhliantúil na Gníomhaireachta comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais ghaolmhara, nó
- mura léiríonn an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais géilliúlacht na Gníomhaireachta don Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- sa chás gur léir dom gur ann do nithe ábhartha eile a bhaineann leis an mbealach inar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

**CAITEACHAS GAN ÉIFEACHT**
Tarraingím aird ar Nóta 8 (e) leis na ráitis airgeadais a thugann le fios gur thabhaigh an Ghníomhaireacht caiteachas gan éifeacht ar luach €1.28 milliún ar chíos agus ar chostais ghaolmhara mar thoradh ar spás oifige neamháitithe in dhá fhoirgneamh.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
29 Bealtaine 2015

# Ráitis Airgeadais

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Bunaíodh an Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail (GFT) ar 1 Eanáir 1994 faoi fhorálacha an Achta um Fhorbairt Tionscail, 1993.

Ceanglaíonn Mír 7(2) den Chéad Sceideal leis an Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993 ar an nGníomhaireacht gach cuntas cuí agus gnách i ndáil leis an airgead a fuarthas agus a caitheadh a choinneáil, ina leithéid d'fhoirm agus a d'fhéadfadh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta a fhaomhadh le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Agus na cuntais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an mBord:. Agus na cuntais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an mBord:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- na Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás gur míchuí a thoimhdiú go leanfaidh an Ghníomhaireacht i mbun feidhme
- aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a nochtann le cruinneas réasúnta ag am ar bith staid airgeadais na Gníomhaireachta agus a chuireann ar a cumas a chinntiú go gcloíonn na Ráitis Airgeadais le Mír 7(2) den Chéad Sceideal leis an Acht um Fhorbairt Tionscail,1993. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní uile na Gníomhaireachta a chosaint agus dá réir sin as bearta réasúnta a dhéanamh de láimh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

21 Bealtaine 2015

Thar ceann an Bhoird:

**Frank Ryan**
Cathaoirleach

**Martin Shanahan**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

**Paul Duffy**
Cathaoirleach
an Coiste Iniúchta, Airgeadais & Riosca

# Ráiteas ar an Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann Bhord GFT, aithním ár bhfreagracht a as chinntiú go gcoinníonn agus go bhfeidhmíonn an Ghníomhaireacht córas éifeachtúil um rialú inmheánach airgeadais.

Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta seachas deimhniú lándearfa a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go bhfuil earráidí nó mírialtachtaí ábhartha coiscthe nó go n-aithneofaí iad in am tráthúil.

Tá bearta déanta ag an mBord le cinntiú go bhfuil timpeallacht chuí rialaithe i bhfeidhm trí:

- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú trí mheán feidhmeanna coistí éagsúla chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus chun sócmhainní na heagraíochta a chosaint;
- freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainiú agus a dhoiciméadú go soiléir;
- cultúr láidir freagrachta a fhorbairt ar leibhéil uile na heagraíochta.

Tá próisis curtha ar bun ag an mBord freisin chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas. Baintear é seo amach ar roinnt bealaí lena n-áirítear:

- oibriú go dlúth leis an Rialtas agus le gníomhaireachtaí agus institiúidí éagsúla d'fhonn a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ar chuspóirí GFT agus tacaíocht do straitéisí na Gníomhaireachta chun na spriocanna sin a bhaint amach;
- athbhreithnithe rialta a dhéanamh ar phleananna straitéiseacha gearrthéarmacha agus fadtéarmacha agus measúnú a dhéanamh ar na rioscaí i ndáil leis na pleananna sin a thabhairt chun críche;
- spriocanna bliantúla agus níos fadtéarmaí a leagan síos do gach réimse dár ngnó á leanúint ag tuairisciú rialta ar na torthaí a bhaintear amach;
- athbhreithnithe rialta a dhéanamh ar fhorbairtí agus ar straitéisí inár n-earnálacha gnó;
- nósanna imeachta agus forálacha fairsinge caighdeánacha a bhunú agus a fhorfheidh- fhorfheidhmiú faoina bhféadfaí cúnamh airgeadais a chur ar fáil do thionscadail, lena n-áirítear forálacha ag éileamh aisíocaíochta mura gcomhlíonann an tionscadal na tiomantais atá déanta ag an tionscnóir.

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreatlach de bhainistíocht faisnéise rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus córas tarmligin agus freagrachta. Áirítear ann ach go háirithe:

- córas buiséadta cuimsitheach le buiséad bliantúil a athbhreithníonn agus a aontaíonn an Bord;
- athbhreithnithe rialta déanta ag an mBord ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamh-mheastacháin;
- spriocanna a leagan síos chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- treoirlínte rialaithe um infheistíocht chaipitil sainithe go soiléir;
- disciplíní foirmiúla um bainistíocht tionscadail.


Tá feidhm iniúchta inmheánaigh sheachfhoinsithe ag GFT, a thuairiscíonn díreach chuig Coiste Iniúchóireachta, Airgeadais & Riosca an Bhoird. Tagann an coiste seo le chéile ar bhonn ráithiúil ar a laghad chun athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha arna n-ullmhú ag an rannóg Iniúchta Inmheánaigh agus ag rannóga eile. Coinníonn an Coiste Iniúchóireachta, Airgeadais agus Riosca an Bord ar an eolas maidir le nithe atá pléite aige.

Feidhmíonn an fheidhm iniúchta inmheánaigh i gcomhréir leis an gCreat-Chód Dea-Chleachtais atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Cinneann an Coiste Iniúchta, Airgeadais & Riosca plean oibre rollach trí bliana um Iniúchadh Inmheánach agus déantar athbhreithniú air ar bhonn bliantúil de réir mar is gá. Tugann an plean oibre reatha aird ar réimsí riosca ionchais a aithnítear i gcleachtadh measúnaithe riosca curtha i gcrích ag lucht bainistíochta agus athbhreithnithe ag an gCoiste Iniúchta, Airgeadais & Riosca agus ag an mBord. Soláthraíonn an tIniúchóir Inmheánach tuarascálacha ráithiúla don Choiste ar thascanna atá curtha i gcrích. Tarraingíonn na tuarascálacha seo aird ar easnaimh nó laigí, más ann dóibh, sa chóras um rialú inmheánach airgeadais agus ar na bearta ceartaitheacha molta ar cheart iad a chur i bhfeidhm nuair is gá.

Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais faoi thionchar ag obair an Iniúchóra Inmheánaigh, ag obair an Choiste Iniúchta, Airgeadais & Riosca, a dhéanann maoirseacht ar obair an Iniúchóra inmheánaigh, agus ag obair na mbainisteoirí feidhmiúcháin laistigh de GFT Éireann atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata um rialú airgeadais.

Dearbhaím, maidir leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2014, go ndearna an Bord athbhreithniú ar an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.

Sínithe thar ceann an Bhoird



Frank Ryan
Cathaoirleach
21 Bealtaine 2015

# Beartais Chuntasaíochta

## 1 Bunús Cuntasaíochta

**(a) Ráitis Airgeadais:**

(i) Táthar tar éis na Ráitis Airgeadais a ullmhú i gcomhréir leis an gcoinbhinsiún costais stairiúil san fhoirm atá faofa ag an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus iad ainmnithe in euro.
(ii) Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhraithe, seachas nuair a shonraítear sin sna Beartais Chuntasaíochta.
(iii) Maireann an bhliain airgeadais ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig.
(iv) Glactar le Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais arna moladh ag na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta de réir mar a bhíonn feidhm leo.

**(b) Cuimsíonn Sócmhainní Seasta Inláimhsithe:**

(i) Talamh a choimeádtar chun críocha na forbartha tionsclaíche.
(ii) Oibreacha forbartha suímh.
(iii) Foirgnimh thionsclaíocha léasaithe le tionóntaí lena n-áirítear foirgnimh i mbun díolacháin sa chás nach raibh an teideal gafa ag deireadh na bliana.
(iv) Réadmhaoin fholamh atá ar fáil do chur chun cinn tionsclaíoch nó i mbun díolacháin sa chás nach raibh an teideal gafa ag deireadh na bliana.
(v) Sócmhainní Seasta eile lena n-áirítear trealamh ríomhaireachta agus oifige, fearais agus feistis.

**(c) Cuimsíonn Sócmhainní Teileachumarsáide:**

Is ionann Sócmhainní Teileachumarsáide agus ceart úsáide dochealaithe sciar shainithe de líonra teileachumarsáide domhanda go ceann tréimhse 25 bliain ó 2000.

**(d) Cuimsíonn Cuntais Infhála suimeanna dlite i ndáil le:**

(i) Réadmhaoin díolta ar bhonn iarchurtha. Gearrtar ús ar na suimeanna seo ag Rátaí Iasachtaí an Státchiste arna moladh ag an Roinn Airgeadais nó ag an Ráta Tagartha Lascaine AE de réir mar is infheidhme.
(ii) Cíosanna dlite faoi théarmaí na gcomhaontuithe léasa, do thréimhsí suas le 35 bliain, déanta idir an Ghníomhaireacht agus tionóntaí, muirir le haghaidh úsáid na dtailte neamhfhorbartha agus muirir chothabhála eastáit gearrtha ar thionóntaí.
(iii) Táillí ó roghanna ceannaigh tugtha ar réadmhaoin GFT, éarlaisí íoctha ag GFT chun réadmhaoin a cheannach sa chás nach bhfuiltear tar éis an teideal a thabhairt don Ghníomhaireacht ag 31 Nollaig, agus soláthar seirbhísí eile.
(iv) Suimeanna dlite i ndáil le diúscairt nó léasú sócmhainní teileachumarsáide.
(v) Suimeanna dlite i ndáil le comhshocruithe.
(vi) Suimeanna dlite i ndáil le hiasachtaí tugtha ar aghaidh agus ús ina leith.

**(e) Cuimsíonn Cuntais Iníoctha suimeanna iníoctha i ndáil le:**

(i) Creidiúnaithe.
(ii) Deontais atá aibithe lena n-íoc.
(iii) Éarlaisí do dhíolacháin neamhchríochnaithe

**(f) Cuimsíonn Forálacha do dhliteanais agus do mhuirir:**

(i) Suimeanna soláthartha i ndáil le costais fhéideartha maidir le foráil trochlaithe léasanna oibriúcháin.
(ii) Suimeanna soláthartha nuair a mheastar go sáróidh na costais todhchaí ag éirí as léasanna oibriúcháin na suimeanna in-aisghabhála ó fholéasaithe.

**(g) Tá Ioncam agus Caiteachas maidir le hidirbhearta Réadmhaoine Tionsclaíche leagtha amach i nóta 22 leis na Ráitis Airgeadais trí mheán meamraim.**

## 2 Aithint Ioncaim

Léiríonn ioncam ó dheontais an Oireachtais, ó aisíocaíochtaí deontas, ón gCiste Náisiúnta Oiliúna, ó Chiste Sóisialta na hEorpa agus ó Chiste Forbartha Réigiúnaí na hEorpa seachas iad siúd dá dtagraítear in (5) thíos, an t-airgead iarbhír a fuarthas.

## 3 Réadmhaoin Thionsclaíoch

Readmhaoin Thionsclaíoch atá san áireamh i sócmhainní seasta inláimhsithe, táthar tar éis í a fháil, a fhorbairt a thógáil chun críocha cuidiú le cur chun cinn agus forbairt na tionsclaíochta agus ní mheastar gur réadmhaoin infheistíochta atá iontu, ach gnáthshócmhainní seasta.

## 4 Suimeanna Anonn, Dímheas agus Forálacha le haghaidh Bearnú

**(a)** Cuimsíonn na suimeanna anonn le haghaidh sócmhainní seasta inláimhsithe, seachas talamh, agus sócmhainní teileachumarsáide:
An costas stairiúil lúide dímheas carntha agus lúide foráil um bearnú na sócmhainní, nuair is infheidhme, chun iarracht a dhéanamh a chinntiú nach sáraíonn luach na sócmhainní anonn sna Ráitis Airgeadais a gcuid suimeanna in-aisghabhála measta.

**(b)** Cuimsíonn na suimeanna anonn le haghaidh Talún agus Infheistíochtaí:
An costas stairiúil lúide foráil le haghaidh bhearnú na sócmhainní, nuair is infheidhme, chun iarracht a dhéanamh a chinntiú nach sáraíonn luach na sócmhainní anonn sna Ráitis Airgeadais a gcuid suimeanna in-aisghabhála measta.

# Beartais Chuntasaíochta (Ar Lean)

**(c)** Ríomhtar dímheas d'fhonn díscríobh a dhéanamh ar chostais na sócmhainní lúide, áit a bhfuil sin infheidhmithe, aon fhoráil bhearnaithe thar an saolré úsáideach a mheastar a bheith fanta acu. Níl aon fhoráil le haghaidh dímheasa déanta i ndáil le talamh nó infheistíochtaí.

**(d)** D'fhéadfaí forálacha le haghaidh bearnú a dhéanamh i ndiaidh athbhreithnithe ar na sócmhainní seasta agus na sócmhainní teileachumarsáide arna gcur i gcrích ag oifigigh de chuid GFT Éireann nó ag luachálaithe neamhspleácha, mar is cuí, má léiríonn imeachtaí nó athruithe ar chúinsí nó ar dhálaí eacnamaíocha go mb'fhéidir nach mbeidh méid anonn na sócmhainní in-aisghabhála go hiomlán. Aithneofar a leithéid sa Chuntas Oibriúcháin sa bhliain ina ndéantar iad.

I gcás ina léiríonn athbhreithniú níos déanaí nach ann níos mó do na cúinsí as ar eascair foráil le haghaidh bearnú nó go bhfuil athrú ábhartha tagtha orthu, déanfar an fhoráil charntha le haghaidh bearnú a laghdú dá réir.

**(e)** Áirítear sa chostas i ndáil le talamh, forbairt suímh agus réadmhaoin thionsclaíoch cionroinnt na gcostas riaracháin a ghabhann le gnóthú nó forbairt na sócmhainní.

## 5 Ioncam Iarchurtha

Glactar le deontais ó Chiste Forbartha Réigiúnaí na hEorpa a fuarthas i ndáil le ceannach nó forbairt sócmhainní seasta mar chreidmheas iarchurtha agus déantar iad a amúchadh sa chuntas oibriúcháin ar bhonn bliantúil thar saolré úsáideach na sócmhainní lena mbaineann siad.

## 6 Cuntasaíocht do Dhrochfhiacha agus d'Fhiacha Amhrasta

Déantar drochfhiacha aitheanta a dhíscríobh agus déantar foráil d'aon mhéid a bhfuil amhras ann go mbaileofar é.

## 7 Deontais Iníoctha

Fabhraítear deontais sna Ráitis Airgeadais nuair a chloíonn an deonaí le coinníollacha ordaithe.

## 8 Airgeadraí Coigríche

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais a ainmnítear in airgeadraí coigríche ag na rátaí malairte tá i bhfeidhm ag dáta an Chláir Chomhardaithe. Aistrítear ioncaim agus costais ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag dátaí na n-idirbheart bunúsach.

Déileáiltear sa Chuntas Oibriúcháin le brabúis agus caillteanais ag eascairt ó aistrithe airgeadra coigríche agus ar imréiteach na suimeanna infhála agus iníoctha in airgeadra coigríche.

## 9 Léasanna Oibriúcháin

Déileáiltear sna Ráitis Airgeadais leis na cíosanna faoi léasanna oibriúcháin de réir mar a bhíonn siad dlite. I gcás réadmhaoin thionsclaíoch atá ar fáil lena cur chun cinn déanann an Ghníomhaireacht foráil, nuair is infheidhme, le haghaidh íocaíochtaí cíosa na todhchaí.

## 10 Caipiteal

Léiríonn caipiteal cistí a úsáidtear le haghaidh ceannach agus forbairt réadmhaoine tionsclaíche, ceannach sócmhainní seasta agus sócmhainní teileachumarsáide eile agus aird á tabhairt ar dhiúscairtí, ar mhuirir dhímheasa agus, nuair is infheidhme, ar fhorálacha le haghaidh bearnú sna suimeanna anonn.

## 11 Aoisliúntas

Rinne an tAcht um Fhorbairt Tionscail (Forfás a dhíscaoileadh ) 2014 (Uimh 13/2014), a ritheadh le bheith ina dhlí ar an 16 Iúil 2014, foráil do dhíscaoileadh Forfás agus rinne foráil do: bhunú GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann mar fhostóirí dlíthiúla ar leith; forbraíonn gach ghníomhaireacht a scéim pinsin féin agus tugann le fios go mbeidh an lucht oibre a bhí ina mbaill de Scéim Pinsin Forfás ag dul isteach i Scéim nua na Gníomhaireachta ar théarmaí atá chomh fabhrach leis na téarmaí a bronnadh orthu faoi Scéim Forfás tráth díreach roimh an dáta aistrithe, beidh foireann na gníomhaireachta ina mbaill de na scéimeanna seo; na heagraíochtaí seo ag déanamh cuntasaíochta do Dhliteanais ghaolmhara Pinsin faoi FRS17. Beidh freagracht dhlíthiúil ar an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta i leith na Scéimeanna Pinsin atá ann faoi láthair, pinsinéirí agus iarbhaill foirne le sochair choinnithe ó Fhorfás.

Faoin Acht Um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile) 2012 beidh daoine a théann isteach sa tseirbhís poiblí in n-iontrálaithe den chéad uair ar 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin ina mbaill den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair.
Tá freagracht dlíthiúil iomlán ar GFT as a bhfostaithe mar fhostóir dhlíthiúil orthu. Áirítear anseo freagracht i leith phinsean na bhfostaithe reatha a d'éirigh as tar éis 16 Iúil 2014.

# Beartais Chuntasaíochta (Ar Lean)

## 12 Costais Phinsin

Tá freagracht ar GFT i leith costais phinsin a cuid fostaithe reatha agus na daoine a d'éirigh as tar éis 16 Iúil 2014. Léiríonn na Ráitis Airgeadais na costais phinsin i leith bhaill foirne GFT a atá á gclúdach ag an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair.

Léiríonn costais phinsin GFT scéimeanna neamhchistithe pinsin le sochar sainithe, a mhaoinítear in aghaidh na bliana ar bhonn íoc mar a úsáidtear ón airgead atá ar fáil chuige, lena n-áirítear airgead a chuirtear ar fáil tríd an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus ranníocaíochtaí áirithe a dhealaítear de thuarastail foirne.

Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin a ghnóthaigh fostaithe i rith an tréimhse agus léirítear na costais mar ghlaniomlán ranníocaíochtaí pinsin foirne. Aithnítear méid atá comhfhreagrach leis an ranníocaíocht phinsin mar ioncam sa mhéid is a bhfuil sé in-aisghabhála, agus cuidíonn deontais, a fhaightear i rith na bliana le híocaíochtaí pinsin a chomhlíonadh, leis an mbrú a sheachaint.

Léirítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a thagann chun cinn i ndliteanais scéime sa Ráiteas Gnóthachan agus Caillteanas Aitheanta Iomlán agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid in-aisghabhála ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Léiríonn dliteanais phinsin luach láithreach na n-íocaíochtaí pinsin todhchaí atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. Léiríonn maoiniú pinsin iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil amach anseo ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Déantar dliteanais scéim phinsin a mheas ar bhonn achtúireacha trí mhodh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid.

## 13 Ranníocaíocht leis an Státchiste

Tugtar cuntas ar ranníocaíochtaí leis an Státchiste ar bhunús íocaíochtaí a dhéantar sa bhliain.

# Cuntas Oibriúcháin

Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2014

| | Nótaí | 2014 €'000 | 2013 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontais Oireachtais | 1 | **130,805** | 126,360 |
| An Ciste Oiliúna Náisiúnta | 2 | **3,000** | 3,000 |
| AE – Clár INTERREG 111A | 3 | **-** | 38 |
| Aisíocaíochtaí Deontas | 4 | **2,226** | 2,444 |
| Ioncam Cíosa | | **1,607** | 1,674 |
| Lúide Ioncam Cíosa a fuarthas ó Chliaint Fhiontraíocht Éireann | | **29** | (14) |
| Ioncam Eile | 5 | **1,943** | 2,516 |
| Brabús ar Dhiúscairt Sócmhainní | 6 | **6,894** | 4,441 |
| Maoiniú Iarchurtha Glan i gcomhair Pinsean | 19(f) | **2,330** | - |
| | | **148,834** | 140,459 |
| **Caiteachas** | | | |
| Deontais Iníoctha | 7 | **88,439** | 87,951 |
| Costais Chur chun Cinn, Riaracháin agus Ghinearálta | 8 (a) | **41,365** | 40,783 |
| Muirir i leith Foirgnimh Thionsclaíocha | 9 | **2,882** | 4,670 |
| Muirir um Dhímheas agus um Bearnú | 10 | **4,757** | 13,802 |
| Costais Phinsin | 19 (c) | **2,913** | - |
| | | **140,356** | 147,206 |
| **Barrachas/ (Easnamh) Oibriúcháin don Bhliain** | | **8,478** | (6,747) |
| Ranníocaíocht leis an Státchiste | 11 | **(5,195)** | - |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | **(3,218)** | (12,456) |
| Aistriú go/ (ó) Caipiteal | 12 | **(11,539)** | 15,985 |
| **Iarmhéid ag deireadh na Bliana** | | **(11,474)** | (3,218) |

*Baineann na suimeanna a thaispeántar faoi Ioncam agus Caiteachas le gníomhaíochtaí leanúnacha. Níl aon ghnóthachain ná caillteanais aitheanta, seachas iad sin a ndéileáiltear leo sa Chuntas Oibriúcháin.*

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Bunús Cuntasaíochta, na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 26.

Thar ceann an Bhoird:

21 Bealtaine 2015

Frank Ryan
Cathaoirleach

Martin Shanahan
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Paul Duffy
Cathaoirleach
Coiste Iniúchta, Airgeadais agus Riosca

# Ráiteas Gnóthachan agus Caillteanas Aitheanta Iomlán

Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2014

| | Nótaí | **2014 €'000** | 2013 €'000 |
|---|---|---|---|
| Barrachas/ (Easnamh) don bhliain | | **8,478** | (6,747) |
| Gnóthachain achtúireacha ar dhiteanais phinsin | 19 (d) | **1,665** | - |
| Coigeartú ar Mhaoiniú Pinsean Iarchurtha | 19 (d) | **(1,665)** | - |
| **(Easnamh) / Barrachas Aitheanta Iomlán don Bhliain** | | **8,478** | (6,747) |

Thar ceann an Bhoird:

21 Bealtaine 2015

**Frank Ryan**
Cathaoirleach

**Martin Shanahan**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

**Paul Duffy**
Cathaoirleach
Coiste Iniúchta, Airgeadais agus Riosca

# Clár Comhardaithe

Amhail ar 31 Nollaig 2014

| | Nótaí | 2014 €'000 | 2013 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta Inláimhsithe** | | | |
| Réadmhaoin Thionsclaíoch | 13 | **111,381** | 99,928 |
| Sócmhainní Seasta Eile | 14 | **617** | 531 |
| | | **111,998** | 100,459 |
| **Sócmhainní Doláimhsithe** | | | |
| Sócmhainní Teileachumarsáide | 15 | **-** | - |
| **Iomlán na Sócmhainní Inláimhsithe agus Doláimhsithe** | | **111,998** | 100,459 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Cuntais Infhála | 16 | **11,505** | 10,672 |
| Airgead Tirim sa Bhanc agus ar láimh | | **2,988** | 21,524 |
| | | **14,493** | 32,196 |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Cuntais Iníoctha | 17 | **(3,144)** | (5,659) |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **11,349** | 26,537 |
| **Infháltais Fhadtéarmacha** | | | |
| Cuntais Infhála: suimeanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin | 16 | **272** | 164 |
| **Forálacha** | | | |
| Forálacha le haghaidh Dliteanas agus Muirear | 18 | **(23,095)** | (29,919) |
| **Pinsin** | | | |
| Sócmhainn Maoinithe Iarchurtha i gcomhair Pinsean | 19 | **85,139** | - |
| Dliteanas Pinsin | 19 | **(85,139)** | - |
| **Glansócmhainní** | | **100,524** | 97,241 |
| **In ionannas:** | | | |
| **Caipiteal** | 12 | **111,998** | 100,459 |
| **Cuntas Oibriúcháin** | | **(11,474)** | (3,218) |
| | | **100,524** | 97,241 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Bunús Cuntasaíochta, na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 26.

Thar ceann an Bhoird: 21 Bealtaine 2015



Frank Ryan
Cathaoirleach

Martin Shanahan
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Paul Duffy
Cathaoirleach
Coiste Iniúchta, Airgeadais agus Riosca

# Ráiteas Faoi Shreabhadh Airgid

Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2014

| | Nótaí | 2014 €'000 | 2013 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Imréiteach an Ghlan-Easnaimh Oibriúcháin leis an nglan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Glanbharrachas/ (Easnamh) Oibriúcháin don Bhliain | | **8,478** | (6,747) |
| Muirir um Dhímheas agus um Bearnú: | | | |
| - Réadmhaoin Thionsclaíoch | 10 | **4,397** | 13,503 |
| - Sócmhainní Seasta Eile & Sócmhainní Teileachumarsáide | 10 | **360** | 299 |
| Deontas an Chláir AE INTERREG 111A Amúchta | 3 | **-** | (38) |
| Caiteachas Caipitlithe | 8(a) | **(335)** | (17) |
| Brabús ar Dhiúscairt Sócmhainní | 6 | **(6,894)** | (4,441) |
| Ús Bainc | 5 | **(85)** | (224) |
| (Méadú) / Laghdú ar shuimeanna Cuntas Infhála dlite laistigh de bhliain amháin | | **(833)** | (925) |
| (Laghdú) / Méadú ar shuimeanna Cuntas Iníoctha dlite laistigh de bhliain amháin | | **(2,515)** | 2,602 |
| (Laghdú) ar Fhorálacha agus ar Mhuirir | | **(6,824)** | (3,705) |
| (Méadú) / Laghdú ar shuimeanna Cuntas Infhála dlite tar éis níos mó ná bliain amháin | | **(108)** | (14) |
| Méadú / (Laghdú) ar shuimeanna Cuntas Iníoctha dlite tar éis níos mó ná bliain amháin | | **-** | (2,905) |
| **Glan - (Eis-sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **(4,359)** | (2,612) |

**<u>Ráiteas Faoi Shreabhadh Airgid</u>**

| | Nótaí | 2014 €'000 | 2013 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Glan - (Eis-sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **(4,359)** | (2,612) |
| **Ranníocaíocht leis an Státchiste** | 11 | (5,195) | - |
| **Torthaí ar Infheistíocht agus Seirbhísiú Airgeadais** | 23 (a) | 85 | 224 |
| **Caiteachas Caipitil agus caiteachas airgeadais** | | | |
| Éadálacha | 23 (b) | **(33,066)** | (1,784) |
| Diúscairtí | 23 (c) | **23,999** | 8,425 |
| **Bainistiú Acmhainní Leachtacha** | | | |
| (Íocaíocht isteach in) / Aistarraingt éarlaisí gearrthéarmacha | 23 (d) | **16,500** | (5,500) |
| **(Laghdú) ar airgead tirim don tréimhse** | | **(2,036)** | (1,247) |

| **Imréiteach an tsreafa airgid ghlain le gluaiseacht i nglanchistí** | | | |
|---|---|---|---|
| (Laghdú) ar airgead tirim don tréimhse | | **(2,036)** | (1,247) |
| **Méadú / Laghdú ar acmhainní leachtacha** | 23 (d) | **(16,500)** | 5,500 |
| Gluaiseacht i nglanchistí sa tréimhse | | **(18,536)** | 4,253 |
| Glanchistí ag 1 Eanáir | 23 (d) | **21,524** | 17,271 |
| Glanchistí ag 31 Nollaig | | **2,988** | 21,524 |

## 1 Deontais Oireachtais

Soláthraítear na Deontais Oireachtais faoi alt 35 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003. B'ionann an comhiomlán a soláthraíodh do GFT i ndáil le Deontais don Tionsclaíocht agus Deontais do Réadmhaoin Thionsclaíoch sa tréimhse idir 1 Eanáir 1994 agus 31 Nollaig 2014 agus €2.276bn

Cuimsíonn na Deontais Oireachtais mar atá sonraithe sna Ráitis Airgeadais na suimeanna airgid seo a íocadh trí vóta 32: - Poist, Fiontair agus Nuálaíocht

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | | **€'000** | €'000 |
| Deontas um Chaiteachas ar Chur chun Cinn agus ar Riarachán | | | |
| Caitheachas Riaracháin | Vóta 32 - Fo-mhírcheann A5 (i) | **38,805** | 40,360 |
| Deontas do Thionsclaíocht | Vóta 32 - Fo-mhírcheann A5 (ii) | **84,500** | 82,000 |
| Deontas um Réadmhaoin Thionsclaíoch | Vóta 32 - Fo-mhírcheann A5 (iii) | **7,500** | 4,000 |
| | | **130,805** | 126,360 |

Tá an Deontas um Chaiteachas ar Chur chun Cinn agus ar Riarachán ar €38.805m glan ar ranníocaíochtaí pinsin fostaithe €345,000 a cuireadh ar ais go dtí an Státchiste.

## 2 An Ciste Náisiúnta Oiliúna

Áirítear leis na híocaíochtaí deontais oiliúna €5.044m (féach nóta 7) íocaíochtaí deontais oiliúna ar luach €3 mhilliún (€3 mhilliún in 2013) a íocadh le cistí a fuarthas tríd an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta ón gCiste Náisiúnta Oiliúna, a riartar trí Fho-mhírcheann B3 na Roinne Oideachais agus Scileanna.

## 3 Clár INTERREG 111A an Aontais Eorpaigh

Is é cuspóir an chláir tacaíocht a thabhairt don chomhoibriú trasteorann, don chomhtháthú sóisialta agus don fhorbairt eacnamaíoch idir réigiúin an AE. Faoin gclár úd bronnadh €10 milliún de dheontas ar GFT agus ar an Roinn Fiontar, Trádála agus Infheistíochta (RFTI) i dTuaisceart Éireann, ar leithdháileadh €4 mhilliún de ar GFT agus €6 mhilliún ar RFTI. Bronnadh an deontas ar mhaithe le cúnamh a thabhairt chun páirceanna gnó ar chaighdeán idirnáisiúnta a fhorbairt i Leitir Ceanainn agus i nDoire a chuirtear chun cinn i dteannta a chéile le haghaidh infheistíochta isteach.

In 2005 fuair GFT €4 mhilliún mar leithdháileadh deontais. I gcomhréir le beartais chuntasaíochta na Gníomhaireachta aistríodh €0.038 milliún (€0.461 milliún in 2012) den tsuim seo chuig an gCuntas Oibriúcháin in 2013, ó ioncam iarchurtha.

## 4 Aisíocaíochtaí Deontais

Nuair a sháraíonn cliantchuideachta na coinníollacha i gcomhaontú deontais, bíonn an deontasin in-aisghabhála. I gcaitheamh na bliana, fuair an Ghníomhaireacht €2.226 milliún (€2.444m in 2013) maidir le haisíocaíochtaí deontais.

## 5 Ioncam Eile

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Ioncam ó fholigean Réadmhaoine athshannta ó Forfás | **848** | 1,104 |
| Cóiríocht Oifige ar Léas a fholigean leis an earnáil phríobháideach | **612** | 688 |
| Ús Bainc | **85** | 224 |
| Ioncam Táille maidir le Tailte Neamhfhorbartha | **350** | 391 |
| Ús ar Idirbhearta Maoine Tionsclaíche | **23** | 99 |
| Ioncam Ilghnéitheach | **25** | 10 |
| | **1,943** | 2,516 |

## 6 Brabús ar Dhiúscairt Sócmhainní

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Comaoin (táillí agus costais dhíreacha ghlana) | **23,999** | 8,425 |
| Costais Stairiúla | **(25,048)** | (20,950) |
| Cuntas forálacha bearnúcháin | **1,676** | 10,018 |
| Cuntas forálacha dímheasa | **6,267** | 6,948 |
| | **6,894** | 4,441 |

Tá an brabús ar dhiúscairt €6.894m luaite mar ghlanmhéid caillteanais €477,000.

## 7 Deontais Iníoctha

| | 2014 €'000 | 2013 €'000 |
|---|---|---|
| Caipiteal | **22,565** | 12,163 |
| Fostaíocht | **13,817** | 14,970 |
| T agus F | **46,061** | 57,785 |
| Oiliúint | **5,044** | 3,033 |
| Tionscadail Chaipitil | **952** | - |
| | **88,439** | 87,951 |

## 8 Poiblíocht, Riarachán agus Costais Ghinearálta

| | 2014 €'000 | 2013 €'000 |
|---|---|---|
| **(a)** | | |
| Táillí, costais agus luach saothair Comhaltaí Boird – féach 8 (c) | **253** | 240 |
| Costais eile luach saothair – féach 8 (b) | **21,177** | 21,475 |
| Margaíocht, comhairliúchán, poiblíocht agus fógraíocht | **8,898** | 9,109 |
| Riarachán Ginearálta | **9,416** | 9,353 |
| Costais maoin léasaithe neamhthionscail a athshannadh ó Forfás* | **2,418** | 3,265 |
| Táille Iniúchóireachta | **51** | 51 |
| Soláthar in aghaidh Fiacha Amhrasacha | **(513)** | (2,693) |
| Lúide: Caipitliú caiteachais a bhaineann le forbairt maoine tionsclaíche | **(335)** | (17) |
| | **41,365** | 40,783 |

*Costais réadmhaoine san áireamh ar léas a foirceannadh i mí Iúil 2014.

| | 2014 €'000 | 2013 €'000 |
|---|---|---|
| **(b)** | | |
| Is iad na costais eile luach saothair atá i gceist: | | |
| Pá agus Tuarastail | **19,839** | 20,017 |
| Costais Leasa Shóisialaigh - Ranníocaíocht an Fhostóra | **1,128** | 1,095 |
| Costais Pinsean - Ranníocaíocht an Fhostóra | **210** | 363 |
| | **21,177** | 21,475 |

In 2014 baineadh €1.06m de thobhach pinsin agus íocadh leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta é.

| | 2014 € | 2013 € |
|---|---|---|
| **(c)** | | |
| Ba é seo a leanas luach saothair chomhaltaí an Bhoird: | | |
| Frank Ryan (Cathaoirleach - ceaptha 2014) | **20,520** | n/a |
| Liam O'Mahony (Cathaoirleach - d'éirigh as in 2013) | **n/a** | - |
| Martin Shanahan (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin - ceaptha 1 Meán Fómhair 2014) | **-** | n/a |
| Barry O'Leary (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin - d'éirigh as ar 31 Lúnasa 2014) | **-** | - |
| Lionel Alexander | **-** | - |
| Mary Campbell | **11,970** | 11,970 |
| Peter Cassells | **11,970** | 11,970 |
| Dermot Curran | **-** | - |
| Paul Duffy | **-** | - |
| Alan Gray | **-** | - |
| Henry McGarvey (d'éirigh as - 2013) | **n/a** | 11,970 |
| Heather Ann McSharry (d'éirigh as - 2014) | **11,970** | 11,970 |
| Gerard O' Mahoney (d'éirigh as - 2014) | **-** | - |
| Geraldine McGinty (ceaptha - 2014) | **4,762** | n/a |

Tháinig caiteachas Chomhaltaí an Bhoird in 2014 go €10,189 agus é miondealaithe mar seo - €6,063 mar chóiríocht agus €4,126 o chostais eile taistil, do chostais chothabhála agus do chostais dheimhnithe bhia.

**Pacáiste Luach Saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin do 2014**

| | Tuarastal € |
|---|---|
| Mr Barry O’Leary (d'éirigh as 31 Lúnasa 2014) | 126,238 |
| Mr Martin Shanahan (ceaptha 1 Meán Fómhair 2014) | 56,070 |
| **Iomlán** | **182,308** |

Faigheann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin €168,210 de thuarastal i gcomhréir le socruithe pinsin caighdeánacha san earnáil phoiblí agus is féidir leis úsáid a bhaint as carr cuideachta i gcomhréir le sochar comhchineáil ar €14,070 in aghaidh na bliana (€4,265 in 2014).

**(d)**

**Cíos Bliantúil Iníoctha i ndáil le Cóiríocht Oifige Léasaithe**

| | Líon na nOifigí | Dáta Éaga Léasa | Ollchíos Iníoctha 2014 €'000 | Glanchíos Iníoctha 2014* €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Ceannoifig | 1 | 2019 | **4,625** | **2,077** |
| Oifigí Eile Léasaithe | 1 | 2034 | **1,180** | **932** |
| Oifigí Réigiúnacha | 4 | 2013-2028 | **322** | **322** |
| Oifigí Thar Lear | 15 | 2013-2019 | **1,596** | **1,596** |
| | | | **7,723** | **4,927** |

* Áirítear anseo suimeanna a fuarthas ó chomhlachtaí Stáit eile agus ó thionóntaí príobháideacha atá áitithe i gcuid de na foirgnimh oifige atá i gceist.

(i) I gcás na Ceannoifige agus deich n-oifig thar lear is amhlaidh go bhfuil an chóiríocht comhlonnaithe le Gníomhaireachtaí Stáit eile agus / nó le Misin de chuid Rialtas na hÉireann.

(ii) Rinneadh athnuachan ar cheithre léas oifige in 2014 thar lear.

(iii) Tá clásal scoir i léas oifige amháin thar lear is infheidhmithe in 2015.

(iv) Níl aon réadmhaoin a úsáidtear nó atá ar fáil do chóiríocht a cuid foirne faoi úinéireacht na Gníomhaireachta.

**(e)**

**Tiomantais faoi Léasanna Oibriúcháin**

Is é €14.22m an tiomantas bliantúil reatha faoi léasanna oibriúcháin.
Beidh deireadh leis na léasanna seo mar seo a leanas:

| | **2014 €'000** | | | 2013 €'000 | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Maoin neamh-thionsclaíoch** | **Maoin thionsclaíoch Áitithe faoi léasanna** | **Maoin thionsclaíoch ar fáil i gcomhair poiblíochta** | Maoin neamh-thionsclaíoch | Maoin thionsclaíoch Áitithe faoi léasanna | Maoin thionsclaíoch ar fáil i gcomhair poiblíochta |
| laistigh de bhliain amháin ón dara bliain go dtí an | **1,051** | **-** | **-** | 1,440 | - | - |
| cúigiú bliain go huile | **457** | **2,996** | **3,461** | 402 | 3,148 | 3,880 |
| níos mó na 5 bliana | **6,215** | **50** | **-** | 6,171 | 68 | 34 |
| | **7,723** | **3,046** | **3,461** | 8,013 | 3,216 | 3,914 |

In 2013, shann Forfás na léasanna ar Theach Wilton Park, Teach Knockmaun agus Teach Carrisbrook House do GFT. In 2014, thabhaigh GFT caiteachas neamhéifeachtach dar suim €1.28 milliún ar chíos agus ar chostais a bhaineann leis sin mar gheall ar spás oifige neamháitithe in dhá cheann de na foirgnimh, mar atá leagtha amach thíos. Is folúntais fhadtéarmacha iad.

| **Foirgneamh** | **Caiteachas 2014 €** | **Folúntais Ráta** | **Costas spáis fholaimh €** |
|---|---|---|---|
| Teach Carrisbrook | 1,403,126 | 84.9% | 1,191,254 |
| Teach Knockmaun* | 763,703 | 11.6% | 88,590 |
| | | | **1,279,844** |

* Léas foirceannta i mí Iúil 2014

## 9 Muirir Foirgneamh Tionsclaíoch

Áirítear leis na muirir seo na glanchostais a bhaineann le foirgnimh thionsclaíocha a chuir an earnáil phríobháideach ar fáil agus an ghlanghluaiseacht ar fhorálacha i leith léasanna oibriúcháin mar atá leagtha amach i nóta 18, chomh maith le costais árachais, slándála agus chothabhála maidir le gach foirgneamh tionsclaíochta so-mhargaithe atá ag GFT.

## 10 Muirir Dímheasa agus Bearnúcháin

| | Nótaí | 2014<br>€'000 | 2013<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Muirir Dímheasa** | | | |
| - Maoin Thionsclaíoch | 13 | **4,397** | 8,668 |
| - Sócmhainní Seasta Eile | 14 | **360** | 299 |
| **Muirir Bearnúcháin** | | | |
| - Maoin Thionsclaíoch | 13 | **-** | 4,835 |
| | | **4,757** | 13,802 |

Ríomhtar dímheas d'fhonn costas sócmhainní a dhíscríobh lúide, nuair is infheidhme, aon fhoráil bhearnúcháin le linn na coda eile dá saolré ionchais úsáideach, de réir mar a mheastar. Ní dhéantar aon fhoráil ar dhímheas maidir le talamh ná le hinfheistíochtaí. Tagann muirir bearnúcháin aníos nuair is mó an luach de réir na leabhar ar Mhaoin Thionsclaíoch agus Sócmhainní Teileachumarsáide ná a luach measta in-aisghabhála.

## 11 Ranníocaíocht leis an Státchiste

Mar a aontaíodh leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, tá fáltais ó ghníomhaíochtaí poiblíochta agus riaracháin, aisíocaíochtaí deontais, fáltais ESF, díolachán maoine tionsclaíche agus teacht isteach ó dhíolachán agus léasú sócmhainní teileachumarsáide, más amhlaidh go bhfuil siad níos mó ná riachtanais chaiteachais na Gníomhaireachta, in-aisíoctha leis an Státchiste. Áirítear i measc na ranníocaíochtaí €5.195m (€Nialas in 2013) leis an Státchiste in 2014:

| | 2014<br>€'000 | 2013<br>€'000 |
|---|---|---|
| Riarachán | **386** | - |
| Aisíocaíochtaí Deontais | **2,359** | - |
| Sócmhainní Teileachumarsáide | **2,450** | - |
| | **5,195** | - |

Faoi threoir RPFN agus RCPA, d'íoc GFT €5.195m leis an Státchiste in 2014 i leith:
- €2.745m ciste barrachais a bhí acu ag deireadh 2013.
- €2.45m a fuarthas mar chuid de ghlanadh le féichiúnaí, a raibh foráil leis cheana mar dhrochfhiacha.

## 12 Caipiteal

| | Nótaí | €'000 | 2014<br>€'000 | €'000 | 2013<br>€'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Ar 1 Eanáir | | | **100,459** | | 116,444 |
| **Glanghluaiseachtaí ar:** | | | | | |
| - Maoin Thionsclaíoch | 13 | **11,453** | | (16,189) | |
| - Sócmhainní Seasta Eile | 14 | **86** | | 204 | |
| **Aistriú ó/ (go) Sócmhainní Oibriúcháin** | | | **11,539** | | (15,985) |
| Ar 31 Nollaig | | | **111,998** | | 100,459 |

## 13 Sócmhainní Seasta Inláimhsithe – Maoin Thionsclaíoch

| | Talamh | Forbairt Suímh | Maoin thionsclaíoch Áitithe faoi léasanna | Maoin thionsclaíoch ar fáil i gcomhair cur chun cinn | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Ar 1 Eanáir | 257,869 | 160,812 | 20,812 | 4,855 | **444,348** |
| Méid breise | 21,248 | 2,727 | 53 | 8,927 | **32,955** |
| Aistrithe | - | - | 7,644 | (7,644) | **-** |
| Diúscairtí | (15,495) | (4,986) | (3,781) | (737) | **(24,999)** |
| Ar 31 Nollaig | 263,622 | 158,553 | 24,728 | 5,401 | **452,304** |
| **Foráil do Bhearnúchán** | | | | | |
| Ar 1 Eanáir | 169,721 | 8,549 | 4,189 | 3,189 | **185,648** |
| Muirear don Bhliain | - | - | - | - | **-** |
| Aistrithe | - | - | 2,720 | (2,720) | **-** |
| Diúscairtí | (892) | (385) | (399) | - | **(1,676)** |
| Ar 31 Nollaig | 168,829 | 8,164 | 6,510 | 469 | **183,972** |
| **Foráil do Dhímheas** | | | | | |
| Ar 1 Eanáir | - | 146,370 | 11,358 | 1,044 | **158,772** |
| Muirear don Bhliain | - | 3,595 | 214 | 588 | **4,397** |
| Aistrithe | - | - | 3,786 | (3,786) | **-** |
| Diúscairtí | - | (4,714) | (1,405) | (99) | **(6,218)** |
| Ar 31 Nollaig | - | 145,251 | 13,953 | (2,253) | **156,951** |
| **Glanmhéid Leabhair** | | | | | |
| Ar 31 Nollaig | 94,793 | 5,138 | 4,265 | 7,185 | **111,381** |
| Ar 1 Eanáir | 88,148 | 5,893 | 5,265 | 622 | **99,928** |
| **Glanghluaiseachtaí don bhliain** | | | | | **11,453** |

(a) Is mar seo a leanas atá saolré mheasta ionchais úsáideach maoine tionsclaíche, ar ríomhadh dímheas trí thagairt dó:

| | |
|---|---|
| (i) Foirgnimh | 33 bliain |
| (ii) Costais Forbartha Suímh | 10 mbliana |

(b) Áirítear sa tábla thuas suim a bhaineann le comhaontú a rinne an Ghníomhaireacht in 2004 le Comhairle Contae Fhine Gall le tailte a fhorbairt i mBaile Bhlainséir, Baile Átha Cliath ar leis an chomhairle iad, chun iad a dhíol ina dhiaidh sin le fiontair thionsclaíocha. Faoi théarmaí an tsocraithe, tá GFT freagrach as feabhsúcháin infreastruchtúir a dhéanamh ar na tailte. Íocann an Ghníomhaireacht as costais iomlána na hoibre seo agus tá sí i dteideal leath d'fháltais aon díolacháin. €Nialas an ghlansuim leabhair a chuimsítear thuas maidir leis an socrú seo.

## 14 Sócmhainní Seasta Eile

| | Mótarfheithiclí | Trealamh Oifige agus Ríomhaireachta Fearais & Feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| **Costas** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Ar 1 Eanáir | - | 8,948 | **8,948** |
| Breiseanna | 12 | 434 | **446** |
| Aistriú ó ghníomhaireacht stáit eile | - | 846 | **846** |
| Diúscairtí | - | (49) | **(49)** |
| Ar 31 Nollaig | 12 | 10,179 | **10,191** |
| **Foráil le haghaidh Dímheasa** | | | |
| Ar 1 Eanáir | - | 8,417 | **8,417** |
| Muirear don Bhliain | 12 | 348 | **360** |
| Aistriú ó ghníomhaireacht stáit eile | - | 846 | **846** |
| Diúscairtí | - | (49) | **(49)** |
| Ar 31 Nollaig | 12 | 9,562 | **9,574** |
| **Glanmhéid na Leabhar** | | | |
| Ar 31 Nollaig | - | 617 | **617** |
| Ar 1 Eanáir | - | 531 | **531** |
| **Glanghluaiseacht don Bhliain** | - | 86 | **86** |

Seo a leanas saolré úsáideach measta sócmhainní seasta, le tagairt don dímheas a ríomhadh ina leith:

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Mótarfheithiclí | 4 bliana |
| (ii) | Trealamh Oifige/Fearais agus Feistis | 5 bliana |
| (iii) | Trealamh Ríomhaireachta | 3 bliana |

## 15 Sócmhainní Teileachumarsáide

Agus é ag gníomhú de bhun cinneadh Rialtais, chuaigh GFT Éireann, i gcomhar leis an Roinn Fiontar Poiblí (arb í an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha anois í), i mbun conarthaí in 1999 do cheannach sócmhainní teileachumarsáide i bhfoirm ceart dochloíte chun leas a bhaint as cion ainmnithe de líonra teileachumarsáide domhanda ar feadh tréimhse 25 bliain ón mbliain 2000 ar aghaidh. Díoladh cuid den toilleadh a cheannaigh GFT Éireann le roinnt soláthróirí seirbhíse. Tá costas stairiúil €38.85 milliún ar na sócmhainní fágtha, ar díscríobhadh an tsuim sin trí mheán €21 milliún de mhuirear bearnaithe in 2002 agus €17.85 milliún de dhímheas comhiomlán thar ocht mbliana ón mbliain 2000 ar aghaidh, arb é glanluach leabhair €Nialais a thoradh.

## 16 Cuntais Infhála

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| **Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin:** | **€'000** | €'000 |
| Cuntais Infhála agus Réamhíocaíochtaí | **13,992** | 12,664 |
| Suimeanna dlite i ndáil le diúscairt Sócmhainní Teileachumarsáide | **-** | 3,206 |
| Soláthar le haghaidh Fiacha Amhrasta | **(2,487)** | (5,303) |
| Suimeanna dlite i ndáil le diúscairt Réadmhaoine Tionsclaíche | **(1)** | (1) |
| Ús Infhála | **1** | 106 |
| | **11,505** | 10,672 |
| **Suimeanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin:** | | |
| Suimeanna dlite i ndáil le diúscairt Réadmhaoine Tionsclaíche | **272** | 164 |
| | **11,777** | 10,836 |

## 17 Cuntais Iníoctha

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| **Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin:** | **€'000** | €'000 |
| Cuntais Iníoctha agus Fabhruithe | **2,974** | 2,561 |
| Suim atá dlite ar Dhíolacháin Neamhchríochnaithe | **170** | 3,098 |
| | **3,144** | 5,659 |

In 2014, rinne GFT an íocaíocht dheiridh €3.05m i leith muirir ar thalamh tionsclaíoch bainteach le díolachán neamhchríochnaithe.

## 18 Foráil le haghaidh Dliteanas agus Muirear

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| Foráil le haghaidh Léasanna Oibriúcháin | **€'000** | €'000 |
| Ar 1 Eanáir | **29,919** | 33,624 |
| Glan(laghdú) don bhliain | **(6,824)** | (3,705) |
| **Iomlán ar 31 Nollaig** | **23,095** | 29,919 |

Cuimsíonn an Soláthar do Léasanna Oibriúcháin:

- Costais fhéideartha d'athchóiriú foirgnimh a bhaineann le hoibleagáidí faoi léasanna oibriúcháin.
- Costais todhchaí ag éirí as léasanna oibriúcháin a mheastar a sháróidh na suimeanna is in-aisghabhála ó fholéasaithe.

## 19 Pinsin

**(a)**

Tá freagracht ar GFT i leith costais phinsin do bhaill foirne a éiríonn as tar éis 16 Iúil 2014, faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Forfás a Dhíscaoileadh 2014). Beidh na baill foirne a bhí ina mbaill i Scéim Pinsin Forfás ag dul isteach i Scéim nua GFT ar théarmaí atá chomh fabhrach leis na téarmaí a bronnadh orthu faoi Scéim Forfás tráth díreach roimh an dáta aistrithe. Beidh na catagóirí foirne a leanas faoi chumhdach scéim GFT :

**Foireann Faoi Chumhdach**

(a) Baill foirne a earcaíodh roimh nó ar 5 Aibreán 1995.

(b) Baill foirne a earcaíodh tar éis 5 Aibreán 1995 agus roimh 1 Eanáir 2013.

(c) Baill foirne a earcaíodh ó 1 Eanáir 2013 ar baill iad den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair.

**Cineál**

Ranníocach, Sochar Sainithe, Neamhchistithe. Áirítear líon beag dóibh siúd i gcatagóir (b) ar bhonn neamh-ranníocach.

Áirítear scéimeanna do Chéilí agus do Pháistí i ngach ceann de na Scéimeanna.

Tháinig an Scéim nua Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair") in éifeacht ar 1 Eanáir 2013. Beidh daoine a théann isteach sa tseirbhís poiblí ina n-iontrálaithe den chéad uair an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin ina mbaill den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair, i gcoitinne. Leagtar amach rialacha na Scéime Aonair san Acht um Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile) 2012. Ní chuirtear dliteanais Phinsin i leith na ndaoine atá fostaithe faoin Scéim Seirbhíse Poiblí Aonair isteach san áireamh i bpinsin 2014 mar nach ngnóthóidh siad cearta pinsin go dtí go mbeidh dhá bhliain curtha isteach acu.

Déanann GFT na glanchostais a bhaineann le gnáthscor a shásamh. Íoctar na costais seo as ioncam reatha. Úsáidtear ranníocaíochtaí a fhaightear ó bhaill foirne sna scéimeanna ranníocaíochta neamhchistithe mar atá leagtha amach thuas chun cuid de na dliteanais reatha phinsin a mhaoiniú.

(a.1) Faoin Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009, aistríodh na sócmhainní a bhain leis an Iar-Údarás Forbartha Tionscail go dtí an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean ar 31 Nollaig 2009. Tá na scéimeanna pinsin atá bainteach leis an dá chiste seo bailí riamh do bhaill atá ann cheana féin gan cur isteach ar shochair ná ar fhorálacha ábhartha do bhaill. Cuireann GFT Éireann ranníocaíochtaí fostaithe ar ais go dtí an Státchiste. Chuir GFT €345k de ranníocaíochtaí fostaithe ó na scéimeanna seo ar ais go dtí an Státchiste in 2014 agus íoctar costais phinsin de réir Deontas Oireachtais Vóta 32 Fo-mhírcheann A5 (i).

**(b)**

**Nochtadh Pinsin faoi FRS17**

Géilleann an Cleachtas um Thuairisiciú Airgeadais (FRS17) go léireoidh na ráitis airgeadais luach cothrom na sócmhainní agus na ndliteanas ó oibleagáidí aoisliúntais fhostóra agus aon mhaoiniú ábhartha, agus na costais a aithint a bhaineann le sochair aoisliúntais a chur ar fáil, sna tréimhsí cuntasaíochta ina ngnóthaíonn fostaithe iad.

| (c) | **2014** | 2013 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| **Anailís ar Mhuirear Iomlán Pinsin** | | |
| Costais Seirbhíse | **1,965** | - |
| Ús ar Dhliteanais Scéim Pinsin | **1,293** | - |
| Ranníocaíochtaí Fostaithe a úsáidtear in íocaíocht Phinsean | **(345)** | - |
| | **2,913** | - |

| (d) | **2014** | 2013 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| **Anailís ar mhéid aitheanta sa Ráiteas Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlán** | | |
| Gnóthachain ó thaithí | **2,263** | - |
| Athruithe sna Boinn Tuisceana (Caillteanais) | **(598)** | - |
| **Gnóthachain Achtúireacha** | **1,665** | - |

| (e) | **2014** | 2013 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| **Dliteanas Pinsin** | | |
| Aistriú ó Forfás | **76,722** | - |
| Uasdátú* | **7,752** | - |
| Costas Seirbhíse Láithreach | **1,965** | - |
| Costais Úis | **1,293** | - |
| Íocaíochtaí do Phinsinéirí | **(928)** | - |
| (Gnóthachan)/ Caillteanas Achtúireacha | **(1,665)** | - |
| **Luach Reatha Oibleagáidí na Scéime ar 31 Nollaig** | **85,139** | - |

*Uasdátú – Tar éis an aistrithe ó Forfás, rinneadh luach an aistrithe a uasdátú le go mbeidh taifead ann de líon na bpinsinéirí a d'éirigh as tar éis an dáta aistrithe ar 16 Iúil 2014.

| (f) | | |
|---|---|---|
| **Glanmhaoiniú iarchurtha do phinsin i mbliana** | **2014** | 2013 |
| | **€'000** | €'000 |
| Maoiniú in-aisghabhála i leith Chostais Phinsin na Bliana Láithrí | **3,258** | - |
| Maoiniú i gcomhair Pinsin a íoc | **(928)** | - |
| | **2,330** | - |

Aithníonn GFT mar shócmhain méid atá comhfhreagrach leis an dliteanas neamhchistithe iarchurtha le haghaidh pinsean de réir na mbonn tuisceana a leagtar amach thíos agus de réir roinnt imeachtaí san am a chuaigh thart. I measc na gcásanna seo áirítear an bonn reachtúil le haghaidh bhunú na scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus cleachtas atá ann i leith maoiniú i gcomhair pinsin seirbhíse poiblí lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ann a thabharfadh le fios do GFT nach mbeidh an beartas maoinithe seo in ann suimeanna dá leithéid a sheasamh i gcomhréir leis an gcleachtas reatha.

€85.139m san iomlán a bhí ar an tsócmhainn iarchurtha mhaoinithe i gcomhair pinsean ar 31 Nollaig 2014. Bunaítear cainníochtú an dliteanais ar bhonn tuisceana airgeadais a leagtar amach i nóta 19 (g). Déantar na boinn tuisceana atá in úsáid, agus atá bunaithe ar chomhairle achtúireacha, a mholadh don Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

**(g)**

**Luacháil**

Bunaíodh an luacháil atá in úsáid le haghaidh nochtadh FRS17 ar luacháil iomlán achtúireach ar 31 Nollaig 2014. Ba iad seo a leanas na boinn tuisceana airgeadais a cuireadh i bhfeidhm le dliteanais scéime faoi FRS17 a ríomh amhail ar 31 Nollaig 2014;

| **Modh Luachála- Aonad réamh-mheasta** | **2014** | 2013 |
|---|---|---|
| Ráta Lascaine | 2.40% p.a. | - |
| Méaduithe ar thuarastail todhchaí | 2.75% p.a. | - |
| Méaduithe ar phinsin stáit todhchaí | 2.75% p.a. | - |
| Méaduithe ar phinsin todhchaí | 2.25% p.a. | - |
| Ráta Boilscithe | 1.25% p.a. | - |

| **Bliain ina mbaintear amach aois 65** | **2014** | **2034** |
|---|---|---|
| Ionchas Saoil - Fir | 20.8 | 23.3 |
| Ionchas Saoil - Mná | 23.4 | 25.5 |

**(h)**

| **Tuairisc ar Oibleagáidí sochair shainithe- dar tús 2014** | **2014** |
|---|---|
| **Ag deireadh na bliana 31 Nollaig** | **€'000** |
| Oibleagáid shochair shainithe | 85,139 |
| **(Gnóthachain) / Caillteanais ó Thaithí ar Dhliteanais na Scéime:** | |
| Méid | 2,263 |
| Mar Chéatadán de Dhliteanais na Scéime | 2.7% |
| **Iomlán Gnóthachain/ (Caillteanais) aitheanta sa Ráiteas Gnóthachan agus Caillteanas Aitheanta Iomlán** | |
| Méid | 1,665 |
| Mar Chéatadán de Dhliteanais na Scéime | 2.0% |

## 20 Gealltanais

Meastar gurb ionann na híocaíochtaí sa todhchaí ar dócha iad a bheith ag eascairt as Gealltanais Deontais agus €232m ar 31 Nollaig 2014 (2013: €226m).

B'ionann Gealltanais Chaipitil gan íoc ag 31 Nollaig 2014 ar chonarthaí as éadáil agus forbairt na Réadmhaoine Tionsclaíche agus €11m (2013: €9m).

## 21 Cánachas

Foráiltear díolúine ó cháin in alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 d'ioncam na gcomhlachtaí stáit neamhthráchtála. Níl feidhm ag an díolúine seo maidir le hús ó thaiscí. Nuair a bhíonn an t-ús infhaighte faoi réir cánach ag an bhfoinse (e.g. DIRT), cuirtear an ghlansuim infhaighte do shochar an Chuntais Oibriúcháin.

Táthar tar éis leas a bhaint as díolúine ó chánachas áitiúil i roinnt tíortha ina bhfeidhmíonn an Ghníomhaireacht faoi alt Seirbhísí Rialtais an chomhaontaithe ábhartha um chánachas dúbailte. Leanann an Ghníomhaireacht lena hathbhreithniú ar an staid sin, agus í ag féachaint go gníomhach le soiléiriú a fháil an mbaineann aon chánacha fostaíochta thar lear le haon cheann de na dlínsí inar baineadh leas as an díolúine. D'fhéadfadh dliteanas do chánacha eascairt ón athbhreithniú ach i bhfianaise na héiginnteachta maidir leis an tsuim, más ann di, i leith aon dliteanais theagmhasaigh fhéideartha dá leithéid, ní dhearnadh aon fhoráil ina leith sna Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014.

## 22 Ioncam agus Caiteachas Réadmhaoine Tionsclaíche

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam:** | Nótaí | **€'000** | €'000 |
| Deontas an Oireachtais | 1 | **7,500** | 4,000 |
| Ioncam Cíosa Chliantchuideachtaí GFT Éireann | | **1,636** | 1,660 |
| Ioncam Táille i ndáil le Tailte Neamhfhorbartha | 5 | **350** | 391 |
| Ús ar Dhíolacháin | 5 | **23** | 99 |
| Brabús ar Dhiúscairt Réadmhaoine Tionsclaíche | | **6,886** | 4,449 |
| | | **16,395** | 10,599 |
| **Caiteachas:** | | | |
| Costais Cur chun Cinn, Riaracháin agus Ghinearálta | | **1,395** | 1,374 |
| Muirir i leith Foirgnimh Thionsclaíocha | 9 | **2,882** | 4,670 |
| Muirir agus Forálacha Dímheasa | 10 | **4,397** | 13,503 |
| | | **8,674** | 19,547 |
| Glanghluaiseacht don Bhliain | | **7,721** | (8,948) |
| Aistriú ó/ (go) Caipiteal | 12 | **(11,453)** | 16,189 |
| Ranníocaíocht chuig gníomhaíochtaí Cur chun Cinn agus Riaracháin | | **(3,732)** | 7,241 |

## 23 Sreabhadh Airgid Comhlán

| | | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | Nótaí | **€'000** | €'000 |
| **(a)** | **Sochair ar Infheistíocht agus Fónamh a Dhéanamh ar Airgeadas** | | | |
| | Ús Bainc | 5 | **85** | 224 |
| | | | **85** | 224 |
| **(b)** | **Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais - Éadálacha** | | | |
| | Caiteachas Caipitlithe | 8(a) | **335** | 17 |
| | Ceannach sócmhainní seasta inláimhsithe – Maoin Thionsclaíoch | 13 | **(32,955)** | (1,288) |
| | Ceannach Sócmhainní Seasta Eile | 14 | **(446)** | (513) |
| | | | **(33,066)** | (1,784) |
| **(c)** | **Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais - Diúscairtí** | | | |
| | Diúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe – Maoin Thionsclaíoch | | **23,991** | 8,423 |
| | Diúscairt Sócmhainní Seasta Eile | | **8** | 2 |
| | Diúscairt Infheistíochtaí | | **-** | - |
| | Glansóchmhainní reatha aistrithe ó Forfás | | **23,999** | 8,425 |

**(d) Anailís ar Ghlanchistí**

| | Ag 1 Eanáir 2014 | Sreabhadh Airgid Thirim | Ag 31 Nollaig 2014 |
|---|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Airgead tirim sa Bhanc agus ar láimh | **5,024** | **(2,036)** | **2,988** |
| Taiscí gearrthéarmacha | **16,500** | **(16,500)** | **-** |
| | **21,524** | **(18,536)** | **2,988** |

### 24 Dliteanas Teagmhasach

Tá an Ghníomhaireacht i mbun imeachtaí dlí a bhaineann le tailte a cheannaigh sí trí Ordú Ceannaigh Éigeantaigh. Éisteadh an cás san Ard-Chúirt ar 19ú Meán Fómhair 2013 agus rinne an chúirt breith i bhfabhar na Gníomhaireachta. Tá achomharc déanta ag úinéirí na talún chuig an Chúirt Uachtarach. Níl an Bord ag dúil le dliteanais ábhartha maidir le costais dlí, seachas iad siúd a soláthraíodh cheana, a bhí mar thoradh ar an gcás seo.

### 25 Comhaltaí Boird - Nochtadh Idirbheart

Is iondúil go bhféadann an Ghníomhaireacht deontais a fhaomhadh agus socruithe conartha eile a dhéanamh le fiontair ina bhfuil comhaltaí Boird de chuid GFT fostaithe nó ina bhfuil leasanna eile acu.

Ghlac an Ghníomhaireacht le nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le nochtadh leasanna ag comhaltaí Boird agus tá na nósanna imeachta sin comhlíonta ag comhaltaí Boird agus ag an nGníomhaireacht. Le linn 2014, bhí nochtadh de dhíth i gcás dhá idirbheart óir bhain faomhadh nó íocaíocht na ndeontas a bhí i gceist le comhlachtaí ina bhfuil comhaltaí Boird fostaithe nó a bhfuil baint éigin eile acu leo. Áiríodh leis na hidirbhearta faomhadh deontais dar suim €5.599 milliún agus íocaíocht deontais dar suim €3.715 milliún.

Sna cásanna seo ní bhfuair na comhaltaí Boird atá i gceist cáipéisíocht Bhoird ar an idirbheart a bhíothas a mholadh ná níor ghlac na comhaltaí páirt ná níor fhreastail siad ar na cainteanna a bhain leis an gceist.

### 26 Faomhadh Ráitis Airgeadais

Rinne an Bord na Ráitis Airgeadais a fhaomhadh ar 14ú Bealtaine 2015.

# Gréasán Domhanda Oifigí



@IDAIRELAND
www.idaireland.com

IDA Ireland